

05

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2005

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

ÁBHAR

Ráiteas Bunchuspóra 3
Réamhrá an Aire 4
Ráiteas ón Ard-Rúnaí 5

Sprioc Ardleibhéil 1 - Riachtanais an duine aonair a chomhlíonadh
Soláthróimid oideachas atá bainteach le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamúla an duine aonair 6

Sprioc Ardleibhéil 2 - Tacaíocht do shochaí chuimsitheach
Tacóimid tríd an oideachas le sochaí a bheith cuimsitheach ón taobh sóisialta de agus ina mbeidh deiseanna cothroma do chách 14

ALT FÓCAIS – AONAD PINSEAN 23

Sprioc Ardleibhéil 3 - Ag cuidiú leis an rathúnas eacnamúil
Cuirfimid le rathúnas agus forbairt eacnamúil na hÉireann agus lena hiomaíochas idirnáisiúnta 24

Sprioc Ardleibhéil 4 - Caighdeáin agus cáilíocht a fheabhsú
Féachaimid le caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus dea-chleachtas a chur chun cinn sna seomraí ranga, scoileanna, coláistí agus in ionaid eile oideachais 30

Sprioc Ardleibhéil 5 – Ár n-acmhainn soláthair a fhorbairt
Tacóimid le seachadadh oideachais trí phleanáil, ceapadh beartais agus seirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán 38

Aguisín 1 - Cairt Eagraíocht na Roinne in 2005 44
Aguisín 2 - Forais faoi Choimirce na Roinne 45
Aguisín 3 - Eolaire na Sonraí Teagmhála 46
Aguisín 4 - Reachtaíocht Tánaisteach 48
Aguisín 5 - Staitisticí Oideachais 49

Ráiteas Bunchuspóra

Is é bunchuspóir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta oideachas ardchaighdeáin a sholáthar:

- a chumasóidh do dhaoine a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh agus páirt iomlán a ghlacadh mar bhaill na sochaí, agus
- cuidiú le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamúil na hÉireann.

Spriocanna Ardleibhéil

Tá na spriocanna ardleibhéil seo a leanas ceaptha ag an Roinn chun an bunchuspóir seo a bhaint amach:

- Soláthróimid oideachas atá bainteach le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamúla an duine aonair.
- Tacóimid tríd an oideachas le sochaí a bheith cuimsitheach ón taobh sóisialta de agus ina mbeidh deiseanna cothroma do chách.
- Cuirfimid le rathúnas agus forbairt eacnamúil na hÉireann agus lena hiomaíochas idirnáisiúnta.
- Féachaimid le caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus dea-chleachtas a chur chun cinn sna seomraí ranga, scoileanna, coláistí agus in ionaid eile oideachais.
- Tacóimid le soláthar an oideachais trí phleanáil ardchaighdeáin, ceapadh beartais agus seirbhís do chustaiméirí.

Gníomhaíochtaí

An sainordú atá againn: Chun na spriocanna ardleibhéil seo a shroicheadh, thug an Roinn faoi raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Pleanáil agus athbhreithniú beartais
- Dearbhú cáilíochta
- Leithdháileadh daonacmhainní agus airgeadais
- Pleanáil agus soláthar bonneagar oideachais
- Oideachas níos fearr a chur ar fáil trí chomhoibriú



Réamhrá ón Aire

Tá súil agam go mbeidh an t-eolas sa tuarascáil bhliantúil seo ina chabhair do na grúpaí difriúla – daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus eile – a bhfuil spéis acu i gcúrsaí oideachais. Tosaíocht mhór de chuid an Rialtais is ea í feabhas a chur ar an gcóras oideachais agus mar a fheicfear sa tuarascáil seo, rinneadh dul chun cinn nár bheag i raon leathan réimsí sa bhliain 2005.

Bliain ghnóthach ab ea 2005 ó thaobh an oideachais de, nuair a rinneadh feabhsuithe ag na leibhéil ar fad agus nuair a cuireadh tús le fiontair spreagúla nua i ngach cuid den chóras oideachais.

Tosaíocht ar leith ab ea an t-oideachas speisialta. Tá breis is 13,000 aosach ag obair anois sna scoileanna príomhshrutha le páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus deacrachtaí foghlama acu, agus sin mar bhreis ar na sársheirbhísí a chuirtear ar fáil sna scoileanna speisialta. Cuireadh cuma i bhfad níos cairdiúla don chustaiméir ar an gcóras iarratais ar acmhainní riachtanas speisialta le linn céad bhliain oibriúcháin an líonra nua d'Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta. Cuireadh córas nua i bhfeidhm le cinntiú go bhfaighidh gach scoil sa tír leithdháileadh d'uaireanta acmhainne teagaisc a bheidh ar aon dul lena leibhéal rollacháin, rud a thiocfaidh in áit an ghá a bhí le measúnú aonair a dhéanamh ar gach páiste.

Chonacthas neartú mór sa bhliain 2005 ar thionscnaimh Rialtais chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil nuair a seoladh Plean Gníomhaíochta DEIS (Delivery Equality of Opportunity in Schools). Faoin bplean nua, bainfidh páistí atá ag freastal ar scoileanna sna pobail is mó faoi mhíbhuntáiste tairbhe as raon tacaíochtaí breise, lena n-áirítear ranganna níos lú, béilí scoile, clubanna obair bhaile, maoiniú breise le haghaidh leabhar scoile agus naisc níos fearr idir an scoil agus an baile. Díreofar ar a chinntiú chomh maith go mbeidh réamhscolaíocht den scoth le fáil ag páistí sna ceantair seo.

Clochmhíle thábhachtach i bhforbairt ghairmiúil an mhúinteora ab ea bunú na Comhairle Múinteoireachta i gcaitheamh na bliana. Ar fheidhmeanna na Comhairle tá freagracht as múinteoirí nua a chlárú agus caighdeáin náisiúnta a shocrú le haghaidh iompraíocht ghairmiúil múinteoirí.

Tosaíochtaí eile anuraidh ab ea breisoideachas agus aosoideachas. Ceadaíodh €10m de mhéadú i gcaiteachas neamhphá san earnáil chun feabhas a chur ar dheiseanna i réimsí éagsúla ar nós litearthacht d'aosaigh, gairmoiliúint agus cúrsaí iar-Ardteistiméireachta.

Foilsíodh mórthuarascáil i gcaitheamh na bliana a d'aibhsigh méaduithe suntasacha i rátaí rannpháirtíochta in oideachas tríú leibhéal le blianta beaga anuas. Chuaigh 54% de dhaoine idir 17 agus 19 bliain d'aois isteach in ollscoil nó coláiste teicneolaíochta sa bhliain 2004, arbh ionann sin agus méadú ó 44% i 1998. Dhúbail an ráta rannpháirtíochta i bhFionnghlas, Baile Munna agus Darndale sa tréimhse sin, agus údar mór misnigh ab ea é sin.

Tosaíocht mhór de chuid an Rialtais sna blianta amach romhainn is ea a thuilleadh feabhais a chur ar rátaí rannpháirtíochta tríú leibhéal mar aon le caighdeán an oideachais tríú leibhéil a fheabhsú agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in ardtaighde.

Tá súil agam go mbeidh an t-eolas sa tuarascáil seo úsáideach duit. Ar mo shon féin, agus ar son mo chomhghleacaithe, Síle de Valera agus Brian Ó Loineacháin, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil le gach éinne a oibríonn sa Roinn agus san earnáil oideachais tríd is tríd as a dtiomantas leanúnach d'fheabhas a chur ar an gcóras oideachais ag gach leibhéal.

Mary Hanafin TD
Aire Oideachais & Eolaíochta

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2005 an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a chur i láthair. Aibhsítear sa tuarascáil príomh-éachtaí na Roinne sa tréimhse agus tomhastar an dul chun cinn a rinneadh maidir le spriocanna an Ráitis Straitéise 2005-2007 a sheachadadh.

Dúshlán atá ag fabhrú de shíor is ea ár mbunchuspóir "soláthar a dhéanamh d'oideachas ardchaighdeáin" agus bíonn éilimh nua á ndéanamh ar an gcóras, a éilíonn cineálacha nua cur chuige. I gceist anseo beidh neartú an bhoinn beartais laistigh den Roinn i réimsí mar oideachas luath-óige agus gníomhaíocht oibriúcháin a tharmligean d'fhorais mar an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Le hais an acmhainniú leanúnach atá á dhéanamh ar an oideachas, tá cur chuige níos straitéisí á fhorbairt ag an Roinn. Maidir le pleanáil do scoileanna, tá Pleananna Forbartha Limistéir á réiteach faoi chomhair ceantar ina bhfuil fás mear ag teacht ar an daonra agus beifear ag tabhairt uathriail do scoileanna le scéimeanna mar Scéim na nOibreacha Samhraidh.

Chun aghaidh a thabhairt ar mhíchumas éadrom ginearálta foghlama i measc daltaí scoile ar bhealach níos pleanáilte, thug an Roinn isteach samhail ghinearálta leithdháilte d'acmhainní múinteoireachta. Ciallaíonn sé sin go bhfuil buanacmhainn mhúinteoireachta i bhfeidhm i mbunscoileanna ó thús na scoilbhliana, bunaithe ar mhinicíocht staitistiúil an mhíchumais.

Sa bhliain 2005, sheol an Roinn *DEIS - Deiseanna Cothroma a Sholáthar sna Scoileanna*¸ plean gníomhaíochta chun dul i gceann riachtanas oideachais páistí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste. Bealach níos iomláine is ea DEIS chun dul i ngleic le fadhbanna bunaithe ar aithint, athbhreithniú agus comhtháthú.

Ag an leibhéal corparáideach, tá clár díláraithe na Roinne ar sceideal. Tá aistriú foirne ar siúl agus tá an obair thógála i mBaile Átha Luain le tosú go luath sa bhliain 2007.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na Roinne as a ndílseacht agus a dtiomantas mar gan iad, ní fhéadfaí na spriocanna agus na cuspóirí ardleibhéil a shroicheadh.

Brigid Mc Manus
Ard-Rúnaí

Sprioc Ardleibhéil 1 - Riachtanais an duine aonair a chomhlíonadh

Soláthróimid oideachas atá bainteach le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamúla an duine aonair.

Cuspóir 1.1
Tacóimid le forbairt agus soláthar oideachas ardchaighdeáin luath-óige de réir na straitéise atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn.*

FORBAIRT STRUCHTÚRACH

I mí na Nollag 2005, bhunaigh an Rialtas Oifig Aire na Leanaí chun feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh go dtí sin ag Ranna éagsúla mar na Ranna Sláinte agus Leanaí, Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, agus Oideachais agus Eolaíochta a chomhtháthú. Bunaíodh Aonad Beartas Oideachais na mBlianta Luatha laistigh den Roinn chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt beartas agus ar sholáthar d'oideachas sna blianta luatha. Dearadh an dá fhorbairt seo chun dul i ngleic le hilroinnt forbairt beartais agus seachadadh seirbhíse san earnáil.

FORBAIRTÍ BEARTAIS

Policy Developments

Forbraíodh *Síolta*, an dréachtchreat náisiúnta cáilíochta d'oideachas luath-óige ag an Ionad um Fhorbairt agus Oideachas Luath-Óige (CECDE) i ndlúthchomhairle leis na hearnálacha cúram leanaí agus oideachas luath-óige thar thréimhse trí bliana.

I ndiaidh dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir leis an doiciméad comhairliúcháin, *I dtreo Creata don Fhoghlaim Luath*, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tuarascáil dheiridh i mí Iúil 2005. Comhlánfaidh an creat curaclaim seo an creat cáilíochta a d'fhorbair CECDE.

CLÁIR RÉAMHSCOILE

Sheol an Roinn plean gníomhaíochta comhtháite sa bhliain 2005 chun deiseanna cothroma a sholáthar sna scoileanna. Tógfaidh an plean gníomhaíochta, DEIS, ar idirghabhálacha a bhí ar bun cheana i scoileanna le dlúthleibhéal míbhuntáiste. Ar na hidirghabhálacha a bhí cheana ann bhí an clár Tosach Luath ar clár réamhscoile é do pháistí 3 agus 4 bliana i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Sa bhliain 2005, bhí 1,680 dalta cláraithe i 40 scoil faoin gclár seo. Lena chois sin, tá 46 réamhscoil speisialta ann do Thaistealaithe a bhfreastalaíonn tuairim is 500 páiste orthu. Agus an clár Tosach Luath á imeascadh le plean gníomhaíochta *DEIS*, tógfar ceann de thátail roinnt tuarascálacha meastóireachta arna n-ullmhú ag an Ionad Taighde Oideachais.

Cuspóir 1.2:

Cumasóimid do scoileanna ag an mbunleibhéal agus an dara leibhéal oideachas ardchaighdeáin a sholáthar trí raon cuimsitheach soláthair a chur ar fáil lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, foirne agus curaclaim.

TACAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS

Caiteachas Airgeadais agus Caiteachas Gaolmhar

Bhí buiséad de €7.2 billiún ag an earnáil oideachais sa bhliain 2005. Caitheadh 9% den bhforiomlán ar an oideachas bhunscoile, dara leibhéil agus tríú leibhéil. Caitheadh an fuílleach ar ghníomhaíochtaí ógra agus cultúrtha, ar shásamh scoileanna cónaithe agus ar roinnt clár beag. Tá an caiteachas leagtha amach thíos de réir chláir:

CÉAD LEIBHÉAL	
Pá na Roinne & Forchostais Eile	28.1
Tuarastail & Aoisliúntas	2,036.2
Deontais agus Seirbhísí	245.0
Iompar Scoile	73.2
Caiteachas Caipitil	271.3
Iomlán an Chéad Leibhéil	**2,653.8**

Céad Leibhéal



DARA LEIBHÉAL	
Pá na Roinne & Forchostais Eile	30.4
Tuarastail & Aoisliúntas	2,023.7
Deontais agus Seirbhísí	359.4
Iompar Scoile	49.0
Caiteachas Caipitil	238.5
Iomlán an Chéad Leibhéil	**2,701.0**

Dara Leibhéal



- Pá na Roinne & Forchostais Eile
- Deontais agus Seirbhísí
- Iompar Scoile
- Tuarastail & Aoisliúntas
- Caiteachas Caipitil

TRÍÚ LEIBHÉAL	
Pá na Roinne & Forchostais Eile	4.9
Tuarastail	888.9
Deontais agus Seirbhísí	394.7
Tacaíocht do Mhic Léinn	231.0
Caiteachas Caipitil	91.1
Iomlán Tríú Leibhéal	**1,610.6**

Tríú Leibhéal



- Pá na Roinne & Forchostais Eile
- Deontais agus Seirbhísí
- Iompar Scoile
- Tuarastail
- Caiteachas Caipitil

Caiteachas in aghaidh an mhic léinn thar thréimhse deich mbliana ag praghsanna seasta 2005

Earnáil	1995	2005
Bunscoile	€2,378	€5,300
Iarbhunscoile	€3,716	€7,347
Tríú leibhéil	€7,114	€9,563

AN tSEIRBHÍS PHÁROLLA

Tá cúram ar an Roinn as riachtanais foirne bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna a bhainistiú. Cé go bhfostaíonn Boird Bhainistíochta na scoileanna aonair comhaltaí foirne go díreach agus go bhfeidhmíonn siad mar fhostóirí, oibríonn an Roinn seirbhís biúró párolla do bhreis is 70,000 comhalta agus iarchomhalta foirne scoile.

Le linn 2005, cuireadh trí cinn nua de phárollaí i bhfeidhm do na catagóirí oibrithe seo a leanas:

- Múinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha a fhostaítear i mbunscoileanna Cinntíonn sé seo go n-íoctar múinteoirí a fhostaítear sa cháil seo a dteidlíochtaí cearta de réir théarmaí an *Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.*
- Cúntóirí Riachtanas Speisialta a fhostaítear i meánscoileanna, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.
- Cúntoirí Cúram Leanaí a íocadh roimhe seo go díreach ag an scoil.

FOIRNIÚ SCOILEANNA

Soláthar Bunmhúinteoirí

Bhí 27,297 post múinteora i mbunscoileanna i mí na Nollag 2005. Ba é an cóimheas dalta/múinteora don scoilbhliain 2005/06 16.6 go 1* . Tháinig méadú ar an éileamh ar bhunmhúinteoirí oilte le blianta beaga anuas. Rinneadh é seo mar fhreagairt ar thionscnaimh chun méid na ranganna a laghdú, soláthar a dhéanamh dóibh siúd a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus freastal ar dhaltaí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Sa bhliain 2005, bhí 3,500 mac léinn i gColáistí Oiliúna. Lena chois sin, chríochnaigh 400 mac léinn nach mór an Dioplóma Iarchéime i mBunoideachas ó Hibernia College.

* Sonraí Sealadacha

Bunaítear leithdháiltí múinteoirí do phoist phríomhshrutha i mbunscoileanna ar líon na ndaltaí a cláraíodh sa scoilbhliain roimhe. Déanann an Bord Achomharc um Sholáthar Foirne Bunscoileanna moltóireacht ar achomhairc ó Bhoird Bhainistíochta maidir le leithdháileadh post breise múinteora nó coimeád post a bhí cheana ann. Sa bhliain 2005, d'éist an Bord le 95 achomharc agus ceadaíodh acmhainní breise múinteoireachta i 9 gcás.

Cáilíocht éigeantach is ea **An Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge** (SCG) do bhunmhúinteoirí a oiltear lasmuigh den Stát, agus ar mian leo dul ag múineadh i mbunscoileanna príomhshrutha. Bíonn cúig bliana ag múinteoirí chun pas a fháil i ngach modúl den SCG. Reachtáiltear cúrsaí ullmhúcháin in ionaid oideachais agus soláthraíonn an Roinn maoiniú de €65,000 chucu. Sa bhliain 2005, ba é Institiúid Oideachais Mharino a riar an SCG. Chuaigh 524 iarrthóir faoin scrúdú san earrach; d'éirigh le 83% d'iarrthóirí; sa bhfómhar chuaigh 35 iarrthóir faoin scrúdú agus d'éirigh le 66% díobh.

Soláthar Múinteoirí Dara Leibhéil

Leithdháileadh 25,862 múinteoir cóibhéis lánaimseartha (cóibhéiseach le poist múinteoireachta lánaimseartha) ar iarbhunscoileanna agus ar Choistí Gairmoideachais don scoilbhliain 2005/06. Ba é an cóimheas dalta múinteora san earnáil seo do 2005/06 13.2 go 1.

Bunaítear leithdháiltí foirne ar chritéir a fholaíonn líon na ndaltaí atá cláraithe agus rannpháirtíocht na scoile i gcláir mar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus an Teastas Sóisearach - Clár Scoile.

Féadfaidh scoil a leithdháileadh foirne a achomharc chuig Coiste Achomharc. Sa scoilbhliain 2005/06, rinneadh 194 achomharc ar éirigh le 78 díobh

OIDEACHAS AGUS TACAÍOCHT DO MHÚINTEOIRÍ

Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí

Soláthraíonn an Roinn maoiniú do na Coláistí Oiliúna agus do Ranna Oideachais na nOllscoileanna tríd an Údarás um Ardoideachas chun leorsholáthar de mhúinteoirí cuícháilithe a chinntiú.

Tá cúram ar an Roinn maidir le hionduchtú múinteoirí nua, oiliúint inseirbhíse agus forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí.. Tá Treoirscéim Náisiúnta um Ionduchtú Múinteoirí i bhfeidhm ó 2002 i leith chun tacaíocht chórasach a fhorbairt do mhúinteoirí nuacháilithe ina gcéad bhliain múinteoireachta. Soláthraíonn líonra de thríocha Ionad Oideachais forbairt agus tacaíocht ghairmiúil inseirbhíse do mhúinteoirí agus don phobal oideachais i gcoitinne.

Bunleibhéal

Tacaíonn Clár Tacaíochta ar leith um Churaclam le feidhmiú leanúnach Churaclam Leasaithe na Bunscoile. Sa bhliain 2005, fuair comhaltaí foirne i ngach bunscoile oiliúint inseirbhíse sa Stair, sa Tíreolaíocht agus sa Chorpoideachas. Ghlac siad páirt chomh maith i seimineáir scoile uile ar Threoirlínte Tacaíocht Foghlama arna bhfoilsiú ag an gCNCM. Cuireadh tacaíocht ar fáil chomh maith do chlár inseirbhíse sa Cheol.

Dara Leibhéal

Lean an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéil de bheith ag soláthar i gcomhar le roinnt seirbhísí tacaíochta tiomnaithe, cláir oiliúna inseirbhíse sna hábhair seo a leanas:

ÁBHAR	2005
Béarla	
Fisic	
Ceimic	
Clár na hIdirbhliana	
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	
An Teastas Sóisearach – Clár Scoile	
Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil	
Bitheolaíocht	
Eacnamaíocht Bhaile	
Mata an Teastais Shóisearaigh	
Corpoideachas ag an tSraith Shóisearach	
Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh	
Stair ag an Ardteistiméireacht	
Tíreolaíocht ag an Ardteistiméireacht	

Forbairt Ceannasaíochta le haghaidh Scoileanna

Leanadh d'Fhorbairt Ceannasaíochta do Scoileanna (LDS) i gcaitheamh 2005.

CINNTÍ AR ATHRUITHE CURACLAIM

Teicneolaíochtaí

Fógraíodh pacáiste infheistíochta €40 milliún do scoileanna i mí na Nollag 2005. Cumasóidh sé seo do scoileanna ullmhú faoi chomhair feidhmiu siollabais nua 'Teicneolaíochta' ó Mheán Fómhair 2007 ar aghaidh, ag an tsraith shinsearach, mar aon le siollabas leasaithe in 'Dearadh agus Grafaic Chumarsáide', ag an tsraith shinsearach chomh maith. Ábhar Ardteistiméireachta a bheidh sa Teicneolaíocht sa bhliain 2009.

Tá soláthar sa phacáiste infheistíochta chomh maith d'fheidhmiú siollabas leasaithe in 'Teicneolaíocht Innealtóireachta' agus 'Teicneolaíocht Ailtireachta'.

TREOIR

Soláthar Treorach i Scoileanna Dara Leibhéil

I Meán Fómhair 2005, d'fhoilsigh an Chigireacht treoirlínte chun cuidiú le scoileanna plean cuimsitheach um threoir a fhorbairt mar chuid dá bplean scoile uile. Mar thaca le treoir do mhic léinn ag leibhéal na sraithe sóisearaí, leithdháileadh 100 post breise don treoir ó Mheán Fómhair 2005. Ciallaíonn an soláthar feabhsaithe seo go bhfuil an leibhéal leithdháilte i gcás scoileanna sna Scéimeanna Saoroideachais/Blocdeontais sa raon anois ó 8 uair an chloig sa tseachtain do scoileanna a bhfuil faoi bhun 200 dalta cláraithe iontu go 47 uair an chloig sa tseachtain do scoileanna a bhfuil 1,000 dalta nó os a chionn cláraithe iontu. Tá an leithdháileadh do scoileanna atá rannpháirteach i gClár DEIS sa raon anois ó 11 uair an chloig sa tseachtain do scoileanna a bhfuil faoi bhun 300 dalta cláraithe iontu go 55 uair an chloig do scoileanna ina bhfuil 1,000 dalta nó níos mó cláraithe. Tá 683 post cóibhéis lánaimseartha leithdháilte don treoir i scoileanna iarbhunoideachais i láthair na huaire.

QualifaX

Leathnaíodh láithreán Gréasáin Institiúid na dTreoirchomhairleoirí, QualifaX, sa bhliain 2005. Soláthraíonn QualifaX eolas cothrom le dáta anois ar gach cúrsa dá bhfuil ar fáil ag an tríú leibhéal agus sna hearnálacha breisoideachais agus aosoideachais.

SCÉIM IOMPAIR SCOILE

Bhunaigh an Roinn an Scéim Iompair Scoile sa bhliain 1967 chun córas bunúsach aonfhoirmeach iompair a sholáthar do pháistí scoile a chónaíonn i bhfad ón scoil. Riarann Bus Éireann an scéim ar fud na tíre. I gceist ann tá:

- Tuairim is 136,000 dalta a aistriú idir an baile agus an scoil, lena n-áirítear suas le 8,500 dalta a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Líonra de 6,000 bhealaí bus
- Flít de bhreis is 2,500 bus scoile, ina bhfuil meascán d'fheithiclí Bhus Éireann agus d'fheithiclí ar conradh.
- Ba é €122m an caiteachas sa bhliain 2005

Forbairtí Sábháilteachta i 2005

Chuige sin, cuireadh an socrú suí "triúr in áit bheirt" ar ceal de réir a chéile ag tosú i Meán Fómhair, agus cuireadh suíochán amháin ar fáil do gach mac léinn dara leibhéil. Chiallaigh sé seo busanna nua a cheannach agus breis is 200 feithicil nua a fhruiliú. Caithfear gach bus a úsáidtear do sheirbhísí iompair scoile a fheistiú anois le criosanna sábháilte.

Cuspóir 1.3:
Soláthróimid raon tacaíochtaí agus seirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun gur féidir leo a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh.

Soláthar Oideachas Speisialta

Bhí breis is an méid seo a leanas i gceist i soláthar 2005 chun tacú le páistí bunscoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:

- 1,000 múinteoir i scoileanna speisialta
- 5,000 múinteoirí bunscoile a phléann go díreach le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- 600 múinteoir i scoileanna speisialta
- 6,200 cúntóir riachtanas speisialta
- €30m ar iompar scoile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- €3m do threalamh agus ábhair speisialaithe.

Ina theannta sin, ceapadh 1,648 múinteoirí breise cóibhéis lánaimseartha chun tacú le daltaí iarbhunscoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcomparáid leis an tuairim is 200 múinteoir a bhí ceaptha i 1998 do dhaltaí mar iad. Bhí 532 múinteoir tacaíocht foghlama cóibhéis lánaimseartha agus tuairim is 1,100 cúntóir riachtanas speisialta cóibhéis lánaimseartha (SNAanna) i scoileanna dara leibhéil.

An tSamhail Ghinearálta Leithdháilte - Bunleibhéal

Sa bhliain 2005, thug an Roinn isteach samhail ghinearálta leithdháilte d'acmhainní múinteoireachta chun tacú le daltaí sna catagóirí míchumais ardmhinicíochta de mhíchumas ginearálta foghlama éadrom agus éadrom teorannach agus disléicse. Cuirtear san áireamh sa tsamhail go bhfuil daltaí sna catagóirí seo scaipthe ar fud an chórais oideachais. Feabhas is ea é seo ar an gcóras a bhí ann roimhe ó nach mbíonn ar pháistí a bhfuil na riachtanais seo acu dul faoi mheasúnú síceolaíoch indibhidiúil chun uaireanta teagaisc acmhainne a fháil.

Ina ionad sin, cuirtear buanacmhainn mhúinteoireachta i bhfeidhm i mbunscoileanna ó thús na scoilbhliana, bunaithe ar mhinicíocht staitistiúil an mhíchumais. Bíonn leithdháileadh na múinteoirí bunaithe ar líon na ndaltaí agus cuirtear san áireamh na riachtanais dhifriúla a bhíonn ag na scoileanna is mó faoi mhíbhuntáiste agus an fhianaise go mbíonn níos mó deacrachtaí ag buachaillí ná ag cailíní.

Leithdháiltear comhaltaí foirne ar bhonn na gcatagóirí scoile seo a leanas:

Líon daltaí				
Leithdháileadh post	Scoil buachaillí	Scoil mheasctha	Scoil cailíní	Scoil faoi mhíbhuntáiste
1ú	100-135	105-145	150-195	80
2ú	295	315	395	160
3ú	475	495	595	240
4ú	655	675	795	320

Agus an córas seo á thabhairt isteach, rinneadh socruithe idirlinne chun freastal ar pháistí a raibh acmhainní teagaisc leithdháilte orthu cheana. Chiallaigh na socruithe idirlinne nár laghdaíodh tacaíocht mhúinteoireacht acmhainne aon pháiste.

Seirbhís Teagasc Baile agus Clár Oideachais Iúil

Déanann an tSeirbhís Teagasc Baile soláthar do theagasc daltaí atá i riocht seasta a chuireann isteach ar a bhfreastal ar an scoil. Baintear úsáid as an scéim chomh maith chun síneadh a chur le cláir oideachais i mí Iúil, i scoileanna ina bhfuil daltaí a bhfuil uathachas orthu agus míchumais ghinearálta foghlama troma/diana. Ghlac 64 scoil páirt sa chlár sa bhliain 2005. Tá tuairim is 1,000 páiste sa scéim teagasc baile ag costas bliantúil de bhreis is €8m.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

Cé go bhfuil sí ar an bhfód ón mbliain 2004 i leith, ba ar an 1ú Deireadh Fómhair 2005 a bunaíodh í go foirmiúil faoin *Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004.*

Áirítear ar ról na Comhairle dul i mbun taighde agus comhairle a chur ar an Roinn maidir le riachtanais oideachais páistí atá faoi mhíchumais. Le líonra náisiúnta de bhreis is 70 eagraí riachtanas speisialta oideachais (SENOanna) soláthraíonn sé struchtúr chun seirbhís oideachais éifeachtúil agus mear a sholáthar do pháistí agus do theaghlaigh atá ag plé le míchumas ar bhonn laethúil.

In Eanáir 2005, ghlac an Chomhairle cúram uirthi féin as acmhainní breise teagaisc agus acmhainní eile a leithdháileadh ar pháistí atá faoi mhíchumas. Comhlíonann SENOanna na feidhmeanna leithdháileadh acmhainní seo a leanas:

- Próiseálann siad iarratais ó scoileanna ag an dá leibhéal ar mhúinteoirí acmhainne do pháistí a bhfuil míchumais íseal-mhinicíochta orthu mar mhíchumais ghinearálta foghlama meánacha, laigí radhairc nó éisteachta, míchumais fisiciúla nó uathachas, agus cinneann an leibhéal tacaíochta a bheadh oiriúnach don scoil;

- Próiseálann siad iarratais ó scoileanna dara leibhéil ar thacaíocht múinteoir acmhainne do pháistí a bhfuil míchumais íseal-mhinicíochta orthu mar mhíchumais ghinearálta foghlama éadrom agus cinneann an leibhéal tacaíochta a bheadh oiriúnach don scoil;

- Próiseálann siad iarratais ó scoileanna agus cinneann an leibhéal cuí de thacaíocht ó chuntóir riachtanas speisialta i gcás páistí atá faoi mhíchumas;

- Scrúdaíonn siad gach iarratas ó scoileanna ar threalamh speisialta/theicneolaíocht chuiditheach;

- Scrúdaíonn siad iarratais ó scoileanna ar shocruithe iompair i gcás páistí atá faoi mhíchumas agus déanann moltaí leis an Roinn;

- Aithníonn an suíomh oideachais cuí do pháistí indibhidiúla a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíocht Oideachais (NEPS)

Bhí 121 Síceolaí fostaithe ag NEPS sa bhliain 2005. Soláthraíonn NEPS seirbhísí síceolaíochta do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna araon.

Ar phríomhchúraimí NEPS tá:

- Measúnú páistí indibhidiúla
- Seirbhís a sholáthar do gach scoil i gcás timpiste chriticiúil beag beann ar an bhfuil seirbhís tiomanta ag an scoil cheana féin ó shíceolaí NEPS. Sa scoilbhliain 2004/2005, tháinig NEPS i gcabhair ag 60 teagmhas criticiúil
- Straitéisí choisctheacha a fhorbairt maidir le gnéithe d'iompraíocht daltaí.
- Athrú córasach comhoibritheach a mhisniú sna scoileanna
- Déileáil le ceisteanna i dtaobh páistí aonair ó rannóga eile den Roinn agus ó sain-áisíneachtaí.
- Cur le forbairt beartais na Roinne.

Measúnaíonn síceolaithe iarratais chomh maith ó dhaltaí Ardteistiméireachta a dhéanann iarratas chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar socruithe speisialta scrúdúcháin i ngeall ar dheacrachtaí radhairc nó éisteachta, nó deacrachtaí foghlama ar leith.

Scéim um Choimisiúnú Measúnaithe Síceolaíocha
Tá teacht ag gach bunscoil agus iarbhunscoil ar sheirbhís measúnachta síceolaíche go díreach trí NEPS nó tríd an Scéim um Choimisiúnú Measúnaithe Síceolaíocha (SCPA) a riarann NEPS. Faoin scéim seo, féadann scoileanna measúnú a choimisiúnú ó bhall de phainéal de chleachtóirí príobhaideacha arna gceadú ag NEPS, agus íocfaidh NEPS an táille díreach leis an síceolaí atá i gceist. Braithfidh líon na measúnaithe ar féidir le scoil a shocrú ar líon na ndaltaí sa scoil

Foilseacháin NEPS sa bhliain 2005
Tuarascáil don tréimhse 2001-2004 ag tabhairt srac-chuntas ar obair NEPS.

Bileog eolais a thugann srac-chuntas ar phróiseas an mheasúnaithe agus eolas do thuismitheoirí a mbeidh a bpáiste ag dul faoi mheasúnú.

Cuspóir 1.4:
Déanfaimid soláthar le haghaidh oibriú éifeachtach Scrúduithe Teastais an Stáit.

Ta oibriú Scrúduithe Teastais an Stáit anois faoi chúram Choimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC). Bunaíodh an SEC le hordú reachtúil faoi *Alt 54 den Acht Oideachais, 1998* an 6 Márta 2003. Leithdháil an Roinn €49.4m ar an SEC sa bhliain 2005.

Sprioc Ardleibhéil 2 - Ag tacú le sochaí chuimsitheach

Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí a bheidh cuimsitheach ón taobh sóisialta de, le deiseanna cothroma do chách

Cuspóir 2.1:
Cuideoimid tríd an oideachas le cur chun feidhme agus forbairt Bheartas an Rialtais um Chuimsiú Sóisialta agus leanaimid orainn ag soláthar agus ag athbhreithniú clár tacaíochta spriocaimsithe do pháistí atá nó a d'fhéadfadh a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachaisúil nó an scoil a fhágáil go luath.

AG DUL I NGLEIC LE MÍBHUNTÁISTE OIDEACHASÚIL

Príomhfhócas de chuid an bheartais oideachais ná infheistíocht a chur in ord tosaíochta i bhfábhar iad siúd is mó atá i mbaol agus teacht, rannpháirtíocht agus toradh a uasmhéadú ag gach leibhéal den chóras. Sa bhliain 2005, sheol an Roinn DEIS, plean gníomhaíochta chun dul i ngleic le riachtanais oideachasúla páistí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste, ón réamhscoil anonn go dtí an t-oideachas dara leibhéil. Cuirfear *DEIS - Cothromaíocht Deiseanna a Sholáthar sna Scoileanna* - chun feidhme de réir a chéile thar thréimhse cúig bliana.

I measc príomhmhíreanna an phlean tá:

- Córas caighdeánaithe chun leibhéil de mhíbhuntáiste a shainaithint
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar leibhéil de mhíbhuntáiste
- Clár Tacaíochta Scoile (SSP) nua comhtháite.

Tógfaidh an SSP ar na hidirghabhálacha a bhí cheana ann do scoileanna agus do bhraislí/pobail scoileanna a bhfuil dlúthleibhéal daltaí acu atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. Cuireadh tús sa bhliain 2005 leis an bpróiseas chun míbhuntáiste oideachasúil a shainaithint i scoileanna le cur san áireamh sa SSP le suirbhé a rinne an tIonad Taighde Oideachasúil.

Imeascfar na cláir seo a leanas (chomh maith leis an gclár Tosach Luath) sa chlár *DEIS:*

Cothrom na Féinne do Leanaí

Lean an clár seo, a théann i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil i mbunscoileanna, ar aghaidh sa bhliain 2005 agus bhí 2,345 scoil rannpháirteach ann. Dhá chéad caoga post teagaisc agus 79 comhordaitheoirí tuaithe atá ag obair ar an gclár.

An Clár Críochnú Scoilee

An cuspóir atá leis an gclár seo ná raon idirghabhálacha a sholáthar i gceantair faoi mhíbhuntáiste a thacaíonn le coimeád daoine óga sa chóras oideachais.

Díríonn sé ar dhaltaí ó 4 go 18 bliain, agus maoinítear é faoin bPlean Náisiúnta Forbartha le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Líon na scoileanna rannpháirteacha	Líon na bpost	Líon na ndaltaí
302 Bunscoil	1 Comhordaitheoir Náisiúnta	19,500
108 Iarbhunscoil	4 Comhordaitheoir Náisiúnta Cúnta	
	82 Comhordaitheoir Áitiúil	
	Oifigeach Taighde agus Forbairt Clár amháin	

Faoin gclár *DEIS* soláthrófar teacht níos fearr do dhaoine óga ar raon tacaíochtaí acadúla agus neamhacadúla sa scoil agus lasmuigh de, bunaithe ar an cleachtais is fearr a aithníodh sa Chlár Críochnú Scoile.

Scéim Idirchaidrimh Baile/Scoile/Pobail (HSCL)

Oibríonn comhordaitheoir HSCL le foireann na scoile, le tuismitheoirí agus le háisíneachtaí pobail chun dul i ngleic le riachtanais oideachasúla paistí atá i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachasúil.

Ar na torthaí i réimse na litearthacha bhí na nithe seo a leanas a sholáthar do thuismitheoirí:

- 98 clár réamhscoile
- 502 clár sa litearthacht ag an mbunleibhéal
- 228 clár sa litearthacht ag an leibhéal iarbhunscoile
- 525 clár litearthacha d'aosaigh chun gur féidir le tuismitheoirí a gcuid foghlama féin a athbhreithniú agus cabhrú lena bpáistí.

Oileadh breis is 3,500 tuismitheoir chun an clár *Mathematics for Fun* a sholáthar, ina n-oibríonn daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí le chéile chun coincheapanna matamaiticiúla a thuiscint. Clúdaíonn an clár matamaitice seo na leibhéil ar fad ón Tús Luath anonn go dtí an Teastas Sóisearach agus tá ag éirí go han-mhaith leis sna hiarbhunscoileanna.

Rinneadh suirbhé sa bhliain 2005 ar phríomhoidí a bhí bainteach leis an scéim. Fiafraíodh díobh faoi thionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta agus an tionchar a bhí ag HSCL ar iompraíocht agus ar thinreamh na ndaltaí agus ar an ngaol idir an scoil agus an pobail. Freagra dearfach a fuarthas i ngach cás beagnach. D'aontaigh 89% de phríomhoidí go raibh feabhas tagtha ar iompraíocht agus ar thinreamh na ndaltaí.

Líon na scoileanna rannpháirteacha in HSCL	Líon na bpost
310 Bunscoil	1 Comhordaitheoir Náisiúnta
	2 Comhordaitheoir Náisiúnta Cúnta
194 Iarbhunscoil	177 Comhordaitheoir Bunscoile
	193 Comhordaitheoir Iarbhunscoile

Tionscadal na Múinteoirí Tacaíochta

Oibríonn Tionscadal na Múinteoirí Tacaíochta i líon beag scoileanna i gceantair Bhaile Átha Cliath agus Chorcaigh. Sannadh poist teagaisc do scoileanna indibhidiúla nó roinneadh iad idir scoileanna chun cabhrú le daltaí a raibh a n-

iompraíocht ag cur isteach go mór ar an scoil. Tá 41 Múinteoir Tacaíochta mar iad ag obair le 47 scoil. Imeascfar an clár isteach i SSP de réir a chéile le linn amfráma feidhmiúcháin cúig bliana DEIS

Tionscadail Teagmhála Óige

Soláthraíonn Tionscadail Teagmhála Óige áiseanna oideachais do pháistí a bhíonn bainteach le hógchiontacht nó atá i mbaol agus atá scoite amach ón gcóras scoile príomhshrutha. Tá cúig cinn de scoileanna tionscadail mar sin ann, trí cinn i mBaile Átha Cliath, ceann i gCorcaigh agus ceann i Luimneach. Freastalaíonn tuairim is 25 dalta idir 10 agus 16 bliain ar gach ceann díobh. Is féidir le háisíneachtaí éagsúla nó córas na cúirte dalta a atreorú chuig ceann de na scoileanna sin. Tá acmhainní breise ag na scoileanna chun clár cuimsitheacha scileanna saoil a sholáthar le cois an ghnáthchuraclaim.

Scoileanna Coinneála do Pháistí

Tá cúig cinn de scoileanna speisialta faoi choimirce na Roinne a sholáthraíonn seirbhísí do pháistí suas go 16 bliain a cúisíodh sa chúirt nó a athchuireadh ag cúirt. I mí na Nollag 2005, d'fhaomhaigh an Rialtas leasuithe ar an gcóras dlí is cirt d'ógánaigh faoin n-aistreofar cúram foriomlán as ceithre cinn de na scoileanna coinneála go dtí an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bheidh freagrach as an gcúigiú scoil.

Tascfhórsa ar Iompraíocht Daltaí

Bunaíodh an Tascfhórsa ar iompraíocht daltaí in iarbhunscoileanna i mí Eanáir 2005 agus chríochnaigh sé a chuid oibre laistigh den bhliain. Ar na téarmaí tagartha a bhí aige bhí anailís a dhéanamh ar iompraíocht toirmeascach daltaí mar a théann sé i gcion ar an múineadh agus ar an bhfoghlaim agus i ndiaidh na hanailíse bealaí a mholadh inar bhféadfaí timpeallacht níos fearr a chothú sna scoileanna.

Fuair an Tascfhórsa breis is 150 aighneacht ó pháirtithe agus ghrúpaí leasmhara. Tionóladh 19 seisiún iomlánach le tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí, ceardchumainn agus forais ionadaíocha agus tionóladh 10 gcinn d'fhóraim chomhairliúcháin ar fud na tíre. Foilsíodh tuarascáil idirlinne i mí Iúil agus críochnaíodh an tuarascáil dheiridh in Eanáir 2006.

Eisiatachtaí scoile – Córas Achomhairc do Dhaltaí/ Tuismitheoirí

Ba é 2005 an ceathrú bliain oibríochta don chóras achomhairc faoi Alt 29 den *Acht Oideachais, 1998.* Ceadaíonn Alt 29 do thuismitheoirí (agus do dhaltaí os cionn 18 bliain) achomharc a dhéanamh maidir le heisiatachtaí, fionraithe a mhaireann breis is 20 lá in aon scoilbhliain amháin nó diúltú rollaithe.

Féadfaidh an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, an áisíneacht ar a bhfuil cúram as tinreamh scoile, cuidiú le tuismitheoirí a bhfuil deacrachtaí acu maidir le háit a fháil i scoil agus tugtar tosaíocht do chásanna inar theip ar achomharc faoi Alt 29.

Próiseáladh 270 achomharc sa bhliain 2005, méadú beag ar 2004. Seo miondealú d'achomhairc 2005:

	Tarraingthe Siar	Rún Áitiúil	Éascú	Cumhdaithe ag Éisteacht	nEamhchumhdaithe ag Éisteacht	Iomlán
Iarbhunscoil						
Buaneisiatacht	7	1	6	8	37	59
Diúltú rollaithe	16	39	11	28	32	126
Fionraí	3	0	0	3	4	10
Bunscoil						
Buaneisiatacht	4	0	2	2	3	11
Diúltú rollaithe	7	10	15	18	13	63
Fionraí	0	0	0	0	1	1

Oideachas Taistealaithe

Tá 40 múinteoir fostaithe mar Mhúinteoirí Cuairte chun seirbhís a sholáthar chun tacú le lánpháirtíocht Taistealaithe sa chóras oideachais príomhshrutha. Oibríonn an Múinteoir Cuairte le teaghlaigh agus scoileanna chun rannpháirtíocht agus gnóthachtáil a uasmhéadú agus oideachas idirchultúrtha a chur chun cinn do chách. Tá an Roinn ag tacú le réamhscoileanna do Thaistealaithe i gcónaí.

Faoi dheireadh 2005, bhí 530 post múinteoir acmhainne ceadaithe chun tacú le hoideachas páistí Taistealaithe i dtuairim is 400 bunscoil. Ag an dara leibhéal, ceadaíodh 149 post cóibhéis lánaimseartha chun tacú le hoideachas Taistealaithe. Bailíonn an tSeirbhís Múinteoir Cuairte eolas ar oideachas Taistealaithe ar bhonn bliantúil agus comhthiomsaíonn an tOifigeach Náisiúnta Oideachais do Thaistealaithe é. Léiríonn an t-eolas go bhfuil gach páiste Taistealaí i mbunscoil i rang atá oiriúnach dá aois mar a mholann an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta. In iarbhunscoileanna príomhshrutha, tá tuairim is 1,850 dalta Taistealaí as líon féideartha de 4,000.

Daoine atá tar éis teacht go hÉirinn le gairid

I mí an Mheithimh, bhunaigh an Roinn Coiste Stiúrtha chun freagairt a chomhordú ar riachtanais oideachasúla daoine a bhí tar éis teacht go hÉirinn le gairid. Tá an Coiste faoi cheannas Stiúrthóir na Seirbhísí Réigiúnacha agus cuimsíonn sé ionadaithe ó na rannáin/aonáin ábhartha ar fad den Roinn.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB)

Soláthraíonn an NEWB seirbhísí áitiúil-bhunaithe do thinreamh scoile, do pháistí a fuair a gcuid oideachais lasmuigh de scoileanna aitheanta agus do lucht luathfhágála na scoile. Tháinig feabhas de 4% sa bhliain 2004/2005 ar thinreamh sna ceantair ina bhfuil an NEWB ag obair go dian (céad bhliain iomlán na seirbhíse) i gcomparáid leis an scoilbhliain 2003/2004.

BEART AR LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT

An Clár Breith ar an Léitheoireacht

Cuireadh tús leis an gclár idirghabhála luath scoilbhunaithe seo i Muineachán sa bhliain 2000 sular leathnaíodh é go Baile Átha Cliath agus as sin go scoileanna faoi mhíbhuntáiste i nGaillimh, i gCorcaigh agus i Luimneach. Cuireadh tús le hullmhúcháin faoi chomhair leathnú eile ar an gclár seo faoi *DEIS* go luath sa bhliain 2005. Seo a leanas líon na scoileanna a ghlac páirt sa chlár seo sa scoilbhliain 2005/2006:

Suíomh	Líon na scoileanna
Muineachán	12
Baile Átha Cliath	12
Luimneach	12
Gaillimh	8
Corcaigh	12

Tacaíocht don litearthacht agus don uimhearthacht i mbunscoileanna

Tá cúram ar Chlár Tacaíochta Churaclam na Bunscoile cúnamh a sholáthar maidir le hathruithe ar na gcuraclam a chur i ngníomh agus ina theannta sin as feidhmiú agus comhordú straitéisí litearthachta agus uimhearthachta faoi DEIS. Orthu seo tá:

- Breith ar an Léitheoireacht
- Céad Chéimeanna
- Breith ar an Matamaitic
- Ready, Set, Go Maths.

Aithníodh na cláir seo ar fad mar réimsí le haghaidh forleathnú faoi phlean gníomhaíocha *DEIS.*

An Teastas Sóisearach - Clár Scoile (JCSP)

Áirítear ar Straitéis Litearthachta JCSP ionscadal Náisiúnta Taispeána chun leabharlanna a sholáthar do scoileanna JCSP. Thosaigh an tionscadal sa bhliain 2001, go ceann trí bliana ar dtús agus tá sineadh curtha leis anois. Bunaíodh leabharlanna arna rith ag leabharlannaithe cáilithe lánaimseartha in 11 ceann de na scoileanna TSCS atá ag glacadh páirte. Tá an tionscadal le leathnú faoin *DEIS* de 50 leabharlann, 10 gcinn sa bhliain go ceann 2010.

Cuspóir 2.2:
We will promote the development of a high quality inclusive further education and vocational training system for young people and adults, which is relevant to social and economic needs

CLÁIR BHREISOIDEACHAIS

Breisoideachas a thugtar ar oideachas agus oiliúint a tharlaíonn de ghnáth i ndiaidh na scoile dara leibhéil ach nach cuid den chóras tríú leibhéil é. Is iad na Coistí Gairmoideachais agus scoileanna dara leibhéil áitiúla a sholáthraíonn cláir bhreisoideachais.

Sa bhliain 2005, mhaoinigh an Roinn raon de Chláir Bhreisoideachais, lena n-áirítear:

- **Ógtheagmháil.** Cuirtear na clair seo ar fáil in ionaid as-scoile na gCoistí Gairmoideachais agus in Ionaid Oiliúna Pobail agus faigheann siad maoiniú breise ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa. Is é an spriocghrúpa ná daoine dífhostaithe, idir 15-20, a d'fhág an scoil go luath gan cháilíocht, nó le fíorbheagán cáilíochtaí. Tá raon teistithe ar fáil, lena n-áirítear FETAC, an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht. Chuaigh 72% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2005 ar aghaidh chuig fostaíocht nó breisoideachas nó oiliúint.

- **Oiliúint do Thaistealaithe Sinsearacha.** Oibríonn an clár seo ar bhonn cosúil le clár Ógtheagmhála ach gan an uasteora aoise. Chuaigh 49% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2005 ar aghaidh chuig fostaíocht nó breisoideachas nó oiliúint.

- **Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC).** Cúrsaí lánaimseartha bliana nó dhá bhliain is ea iad seo a thairgeann oideachas ginearálta comhtháite, gairmoideachas agus taithí oibre. Soláthraítear teistiú trí FETAC Leibhéil 5 agus 6. Déanann coláistí forlíonadh air seo le teistiú ó fhorais phríobháideacha/ghairmiúla i ndisciplíní áirithe. Chuaigh 95% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2005 ar aghaidh chuig fostaíocht nó breisoideachas nó oiliúint.

Cláir Bhreisoideachais	Líon na nIonad	Líon na rannpháirtithe	Caiteachas 2005
Ógtheagmháil	90	3,292	€45.2m
Oiliúint do Thaistealaithe Sinsearacha	33	1,084	€20.2m
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (CIA)	213	29,354	€107.6m

- **Tionscnamh Fill ar an Oideachas.** Tugann an tionscnamh seo deis do dhaoine filleadh ar an oideachas agus ar an oiliúint nuair a bhíonn cúraimí teaghlaigh, cúraimí oibre agus cúraimí eile orthu. Cuirtear an bhéim ar sholáthar páirtaimseartha. Cuirtear an teagasc ar fáil saor in aisce d'fhormhór na mac léinn. Is iad na Coistí Gairmoideachais a ritheann an tionscamh agus cuirtear 10% den soláthar i leataobh chun tacú le tionscadail a mholann grúpaí oideachais pobail.

TIONSCNAMH FILL AR AN OIDEACHAS			
Líon na rannpháirtithe - 2005		Caiteachas - 2005	
Coiste Gairmoideachais	Pobal	Coiste Gairmoideachais	Pobal
20,396	1,623	€12.3m	€1.61m

AOSOIDEACHAS

Litearthacht Aosach: Soláthraíodh maoiniú de €22.8m do na Coistí Gairmoideachais chun seirbhísí litearthachta aosach a chur ar fáil. Ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil bhí roinnt clár litearthachta spriocaimsithe mar litearthacht do na bodhair, litearthacht teaghlaigh, litearthacht do lucht inimirce, agus litearthacht do chainteoirí dúchais Gaeilge i gceantair Ghaeltachta (Breacadh). Sa bhliain 2005, ghlac geall le 40,000 aosach, lena n-áirítear 10,000 inimirceoir, páirt i ranganna liteartachta aosach.

Oideachas Pobalbhunaithe: Fuair Coistí Gairmoideachais breis is €9.4m chun tacú le grúpaí oideachais pobalbhunaithe a bhí i mbun gníomhaíochtaí oideachais lasmuigh den earnáil foirmiúil oideachais. Cuireadh cistí ar fáil do chostais taistil chun go bhféadfadh Tionscnaimh Speisialta do Dhaoine Fásta faoi Mhíbhuntáiste ag leibhéal áitiúil cuidiú le costais freastail ar chúrsaí.

Tionscnamh um Chothromaíocht san Oideachas (EEI): Mar chuid den Phlean Náisiúnta Forbartha agus le cúnamh ó Chreat Tacaíochta Pobail an AE, leithdháileadh €0.65m sa bhliain 2005 mar thaca le tionscadail a phléann le riachtanais foghlama daoine fásta atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS): Cumasaíonn don scéim seo do dhaoine dífhostaithe a bhí ar an mBeochlár le sé mhí ar a laghad teacht a fháil ar oideachas agus oiliúint d'fhonn post a fháil. Is féidir deich faoin gcéad de na háiteanna a leithdháileadh faoi choinníollacha áirithe do chatagóir níos leithne de dhaoine gan phá lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus daoine atá ag fáil Liúntas Cothabhála Dhuine Faoi Mhíchumas, agus atá ag lorg oibre. I ngach cás, is é 21 bliain an íosteora aoise chun a bheith rannpháirteach sa scéim.

Tá raon teistithe ar fáil, lena n-áirítear FETAC, an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht. Chuaigh 71.75% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2005 ar aghaidh chuig fostaíocht nó breisoideachas nó oiliúint. Sa bhliain 2005, bhí 5,414 áit oiliúna in 113 ionad ag costas de €57m.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Treoirsheirbhísí

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Treorach Aosoideachais (AEGI) sa bhliain 2000 le 10 treoirscéim a dearadh chun tacú le cuspóirí a bhain le foghlaim ar feadh an tsaoil mar a leagadh amach iad sa *Pháipéar Bán um Aosoideachas: Ag Foghlaim ar feadh an tSaoil 2000.* Faoi 2005, bhí 35 treoirscéim ann, agus iad go léir á dtacú ag an gCoiste Gairmoideachais áitiúil. Is é an tIonad Naisiúnta um Threoir san Oideachas a bhainistíonn an AEGI thar ceann na Roinne. Faigheann rannpháirtithe sa Chlár Ógtheagmhála agus in Oiliúint do Thaistealaithe Sinsearacha Treoirsheirbhísí/Comhairleoireacht agus Seirbhísí Síceolaíochta.

Seirbhís	Líon na rannpháirtithe	Caiteachas 2005
Treoir do Dhaoine Fásta	20,340	€4.5m
Treoirsheirbhísí/Comhairleoireacht agus Seirbhísí Síceolaíochta	7,950	€1.02m

Cúram Leanaí

Sholáthraigh an Roinn maoiniú de €5.45m do Choistí Gairmoideachais sa bhliain 2005 chun cabhrú leo costais chúram leanaí a chúiteamh le rannpháirtithe i gcláir VTOS agus Ógtheagmhála agus i gcláir ag an Ionad do Thaistealaithe Sinsearacha.

Cuspóir 2.3:
Cuirfimid chun cinn forás pearsanta agus sóisialta daoine óga trí an oideachas neamhfhoirmiúil, ag féachaint go háirithe do riachtanais obair ógra daoine óga idir 10-21 agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamúil.

Sainmhínítear obair ógra san *Acht um Obair Ógra 2001* mar chlár pleanáilte oideachais do dhaoine óga a chomhlánaíonn an t-oideachas agus an oiliúint foirmeáilte agus a sholáthraítear go príomhúil ag eagraíochtaí deonacha obair óige.

Leagtar amach i bPlean Forbartha Náisiúnta Obair Ógra, 2003-2007 moltaí chun obair ógra a fhorbairt in Éirinn. Sa bhliain 2005, sholáthraigh an Roinn maoiniú de €41m do roinnt clár agus scéimeanna obair ógra lena n-áirítear:

- **Scéim Deontais Seirbhís Ógra:** Cuirtear an deontas seo ar fáil go bliantúil d'eagraíochtaí náisiúnta deonacha ógra agus do mhóreagraíochtaí réigiúnacha. Fuair eagraíocht amháin is tríocha €11m san iomlán sa bhliain 2005.

- **Tionscadail Speisialta chun cuidiú le hÓgánaigh faoi Mhíbhuntáiste:** Leithdháiltear deontais ar eagraíochtaí agus ar ghrúpaí do thionscadail sonracha as-scoile a fhéachann le dul i ngleic le riachtanais daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste. Fuair 177 tionscadal, arbh tionscadail nua i 2005 iad 10 gcinn díobh, geall le €16m. Uasghrádaíodh fiche cinn de thionscadal oibrí amháin go tionscadail beirt oibrithe.

- **Ionaid Eolais don Ógra:** Soláthraíonn na hionaid seo teacht furasta do dhaoine óga ar eolas ar a gcearta, ar dheiseanna, sochair, chúrsaí sláinte, leasa agus nithe nach iad. Fuair 32 ionad geall le €2m sa bhliain 2005.

- **Ciste Saoráidí agus Seirbhísí Daoine Óga:** Baintear úsáid as an gciste seo do chláir nó tionscadail do dhaoine óga i gceantair faoi mhíbhuntáiste atá i mbaol dul le mí-úsáid substaintí. Fuair 80 tionscadal geall le €7m sa bhliain 2005.

- **Scéim Deontais do Chlúb Óige Áitiúil:** Tugann an scéim deontais seo tús áite do ghrúpaí imeallacha agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Is iad na Coistí Gairmoideachais a riarann an ciste agus fuair siad €1.27m chuige sa bhliain 2005.

- **Ciste Forbartha:** Bunaíodh an ciste de bhreis is €300,000 sa bhliain 2005 chun cuidiú le heagraíochtaí ógra leis na costais a ghabhann le rolladh amach an *Acht um Obair Ógra, 2001.*

- **Coiste Thuaidh/Theas:** Bunaíodh an Coiste seo i nDeireadh Fómhair 2005 chun creat a fhorbairt faoin ndéanfaí cúrsaí, cláir oideachais agus oiliúna in obair ógra arna soláthar ar Institiúidí Ardoideachais in Éirinn, Thuaidh agus Theas, a fhormhuiniú go gairmiúil.

Cuspóir 2.4:
Bainisteoimid freagairt na Roinne ar thionscnaimh do shásamh mí-úsáid páistí in institiúidí cónaithe.

Bunaíodh an Coimisiún le Mí-úsáid Páistí a Fhiosrú i mBealtaine 2000. In Iúil 2005, leasaíodh an príomhacht ag an Acht um an Choimisiún le Mí-úsáid Páistí a Fhiosrú (Leasú) 2005. Cinnteoidh na hathruithe seo gur féidir leis an gCoimisiún tabhairt faoi fhiosrú cuimsitheach laistigh d'amfráma níos réasúnta agus ar chostas dlíthiúil i bhfad ní ba lú ná mar a measadh roimhe. Tá soláthar san Acht chomh maith do roinnt leasuithe atá teicniúil den chuid is mó ar an Acht um Shásamh Institiúidí Cónaithe 2002 agus soláthraíonn sé creat reachtúil d'oibriú Ciste Oideachais d'iarchónaitheoirí institiúidí áirithe agus a dteaghlaigh.

Le linn 2005 thionóil Coiste Iniúchta an Choimisiúin éisteachtaí poiblí agus príobháideacha maidir le seacht gcinn d'institiúidí agus rinne agallaimh indibhidiúla le líon mór gearánaithe. Lean an Coiste Rúndachta, a sholáthraíonn fóram d'íospartaigh ar mian leo labhairt ar ar tharla dóibh ach nach mian leo a bheith bainteach le nós imeachta imscrúdúcháin, lena chuid oibre. D'fhostaigh an Coimisiún roinnt saineolaithe chun cuidiú leis an bhfiosrú ar cheisteanna a bhí coitanta do na hinstitiúidí ar fad.

Bunaíodh an Bord um Shásamh Institiúidí Cónaithe i mí na Nollag 2002 chun dámhachtainí airgid a sholáthar d'íospartaigh a d'fhulaing mí-úsáid agus iad ina bpáistí in institiúidí cónaithe. Chun an obair sin a éascú, cuireadh síneadh le tréimhse an Bhoird go deireadh 2007. I gcaitheamh na bliana, chríochnaigh an Bord an próiseas i 2,208 cás, rud a thugann iomlán na n-iarratas a próiseáladh go 4,633. D'íoc an Roinn breis is €194.5 i ndámhachtainí agus i gcostais ghaolmhara sa bhliain 2005.

Cuspóir 2.5:
Cuirfimid chun cinn teacht níos cothroime ar oideachas tríú leibhéil, go háirithe do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste agus do mhic léinn aibí agus do mhic léinn atá faoi mhíchumas, trí spriocaimsiú níos fearr a dhéanamh ar thionscnaimh tacaíochta/rochtana.

Tacaíocht Táillí in Aisce do Mhic Léinn

Íocann an Roinn táillí teagaisc ar son mac léinn incháilithe atá ag freastal ar institiúidí tríú leibhéil. Soláthraíodh tuairim is €280m chuige seo sa bhliain 2005.

Soláthar Tacaíochta do Mhic Léinn

Faigheann mic léinn tríú leibhéil agus bhreisoideachais tacaíocht ón Roinn trí chúnamh airgid tástáil acmhainne. Tá ceithre scéim ann, trí cinn ag an tríú leibhéal agus ceann iarArdteistiméireachta:

- Scéimeanna Deontais Ardoideachais
- Scéim Scoláireacht an Choiste Ghairmoideachais
- Scéim deontais chothabhála oiliúnóirí tríú leibhéil
- Deontais chothabhála iarArdteistiméireachta.

Ba é €192m an caiteachas faoi na ceithre sinn de scéimeanna deontais chothabhála (ach an deontas Cothabhála Ráta Speisialta) sa bhliain 2005 ar 57,126 sealbhóir deontais.

Ciste um Rochtain ar Oideachas Triú Leibhéil

Bunaíodh an ciste seo faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000 go 2006. Díríonn an ciste seo ar na grúpaí seo a leanas:

- Mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste
- Mic léinn aibí
- Mic léinn faoi mhíchumas

Caitheadh geall le €38m ar bhearta rochtana sa bhliain 2005. Áiríodh air seo an Deontas Cothabhála Ráta Speisialta (Breisiú),

an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais, an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise.

Dearadh an Deontas Cothabhála Ráta Speisialta (Breisiú) ar son mac léinn ón ngrúpa socheacnamaíoch is ísle. Mhéadaigh an ráta de bhreis is 22% don bhliain acadúil 2005/2006. Mhéadaigh an ráta neamhchóngarach ab airde, *n go €5,355, arb ionann é agus an t-uasráta pearsanta de Chúnamh Neamhfhostaíochta Leas Sóisialta. Mhéadaigh an ráta cóngarach go €2,145. Breisithe is ea na rátaí seo ar an ngnáthdheontas de €2,335 agus €935 faoi seach. Bhain 12,500 mac léinn sochar as an scéim seo sa bhliain 2004/05.

Plean Náisiúnta Gníomhaíochta 2005-2007 chun Teacht Chothrom ar Ardoideachas a Bhaint Amach

An cuspóir a bhí leis an bPlean Gníomhaíochta seo ná méadú a dhéanamh ar líon na mac léinn aibí agus na mac léinn ó scoileanna agus pobail faoi mhíbhuntáiste a bhí ag glacadh páirte san ardoideachas.

Thosaigh an Oifig Náisiúnta trí mhapáil a dhéanamh ar naisc a bhí cheana ann idir Institiúidí Ardoideachais agus bunscoileanna/iarbhunscoileanna áitiúla/réigiúnacha, ionaid oideachais pobail agus ionaid bhreisoideachais agus oiliúna. Chríochnaigh an Oifig athbhreithniú ar mhaoiniú rochtana agus meastóireacht ar Chiste Comhpháirtíocht na Mílaoise.

* Tá feidhm ag an ráta cóngarach de dheontas cothabhála maidir le sealbhóirí deontais a bhfuil a ngnátháit chónaithe 15 míle nó faoina bhun ón gcoláiste ar a bhfuil siad ag freastal. Íoctar an ráta neamhchóngarach i ngach cás eile, lena n-áirítear cásanna de mhic léinn aibí a cháilíonn.

Cuspóir2.6:
Cuirfimid chun cinn cothromaíocht inscne i seirbhísí, gníomhartha, cláir agus bearta do pháistí agus do dhaoine fásta ag gach leibhéal oideachais.

Tacaíonn an Roinn le príomhshruthú inscne i ngach réimse den chóras oideachais. Tá taighde coimisiúnaithe ag an Roinn ar cheisteanna inscne san oideachas ag gach leibhéal ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal agus an breisoideachas. Bunaíodh dhá cheann de choistí beartais sa bhliain 2005. Bunaíodh an Coiste um Mná san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht (SET) chun straitéisí agus tionscnaimh a mholadh a mhéadódh líon na mban a dhéanann staidéar ar na heolaíochtaí fisiciúla ag leibhéal na hArdteistiméireachta agus a roghnaíonn cúrsaí SET ag an tríú leibhéal. D'fhoilsigh Coiste SET a Thuarascáil Idirlinne sa bhliain 2005.

Bunaíodh an Coiste Bunoideachais chun straitéisí agus tionscnaimh a mholadh a mhéadódh líon na mbuachaillí a théann le bunmhúinteoireacht. Foilsíodh tuarascáil dheiridh an Choiste, *Males into Primary Teaching*, i Samhain, 2005. D'fhoilsigh an Roinn chomh maith eagrán leasaithe de *School agus the Equal Status Acts* tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Comhionannais agus cuntas a thógáil de leasuithe ar an *Acht um Chomhstádas* sa bhliain 2004.

Alt Fócais

Aonad Pinsean

Is iomaí athrú gasta atá tagtha ar an réimse pinsean le blianta beaga anuas i ngeall ar athruithe i reachtaíocht dlí an teaghlaigh, treoracha éagsúla ón gCoimisiún Eorpach maidir le soláthar comhionann do bhuanoibrithe agus d'oibrithe sealadacha, agus thar aon ní eile, Tuarascáil an Choimisiúin um Phinsin Seirbhís Phoiblí.

Bunaíodh an Coimisiún sa bhliain 1996 i ngeall ar imní an Rialtais faoi chostas na bpinsean seirbhís phoiblí a bhí ag dul i méid. Thug an Coimisiún faoi deara gur dhátaigh scéimeanna pinsin seirbhís phoiblí go dtí an 19ú haois agus gur nósanna na linne sin a bhí sa scor éigeantach ag aois a 65 agus sa scor roghnach ó aois 60. Thug an Coimisiún faoi deara chomh maith go bhféadfadh seirbhísígh phoiblí na linne seo a bheith ag súil le pinsean a fháil go ceann i bhfad níos mó blianta ná a macasamhla sa 19ú haois, i ngeall ar fhad saoil méadaithe.

Sa bhliain 2004, i bhfianaise Thuarascáil an Choimisiúin, ritheadh an *tAcht um Aoisliúntas Seirbhís Phoiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004* a d'ardaigh an íosaois pinsin go 65 i gcás iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí, lena n-áirítear státseirbhísigh agus múinteoirí, agus a chuir deireadh leis an riachtanas dul ar scor ar chúis aoise i gcás fhormhór na n-iontrálaithe nua. Iontrálaí nua is ea duine a théann i mbun fostaíochta sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh an 1ú Aibreán 2004 nó a fhilleann, tar éis sos de bhreis is 26 seachtaine, ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh an 1ú Aibreán 2004.

D'fhógair an Rialtas pacáiste leasuithe eile sa bhliain 2005. An ceann ba shuntasaí ná tabhairt isteach scor luath costas neodrach. Cheadódh sé seo do sheirbhísigh phoiblí dul ar scor go deonach ó aois 50 (55 i gcás iontrálaithe nua) le sochair aoisliúntais a laghdófaí go hachtúireach. Bheadh ar státseirbhíseach a chuaigh ar scor ag aois 58, mar shampla, fanacht roimhe seo go dtí aois 60 chun a p(h)insean caomhnaithe a fháil. Beidh sé de rogha anois ag an státseirbhíseach fanacht go dtí aois 60 mar ab amhlaidh cheana nó glacadh le pinsean a laghdófaí go hachtúireach ag aois 58. Faoin scéim chiallódh scor luath costas neodrach ag 58 go laghdófaí an pinsean go 90.1% agus an cnapshuim go 96.1% de na méideanna, faoi seach, a bheadh iníoctha ag 60.

Ag éirí as treoracha Eorpacha, ritheadh *an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001* agus *an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003* tamall ó shin ach tá a sonraí fós mar ábhar díospóireachta idir ceardchumainn na seirbhíse poiblí agus lucht bainistíochta. Is léir cheana féin go dtabharfaidh cur chun feidhme na nAchtanna seo cead isteach, le héifeacht cúlghabhálach go 2001, do mhórchuid fostaithe san earnáil oideachais nach raibh i dteideal pinsin go dtí le deireanas nó nach bhfuil fós i dteideal pinsin. Tá socruithe déanta cheana féin chun teideal ar phinsean a thabhairt do bhreis is 6,000 Cúntóir Riachtanas Speisialta (atá ar phárolla na Roinne).

Bunaíodh an tAonad Pinsean sa Roinn i Meitheamh 1997, agus is air atá cúram maidir le Pinsean Bunmhúinteoirí agus Múinteoirí Iarbhunscoile. Bunaíodh é chun raon leasuithe pinsin a chur chun feidhme lena n-áirítear an Scéim Scor Luath do Mhúinteoirí, múinteoirí páirtaimseartha a thabhairt isteach sna scéimeanna pinsin mar bhaill leanúnacha agus scéim éigeantach a dhéanamh de Scéim na Meánmhúinteoirí ó dháta sonraithe - le soláthar chun seirbhís lánaimseartha agus pháirtaimseartha a tugadh roimh an dáta sin a chur san áireamh.

Cuireadh lena théarmaí tagartha le blianta beaga anuas rialú na scéimeanna pinsin a bhaineann le múinteoirí gairmscoile agus gach foireann de chuid Institiúidí Teicneolaíochta agus Coistí Gairmoideachais seachas múinteoirí..

Tá feidhmeanna beartais, rialacháin, comhairleacha agus oibríochta ag an Aonad Pinsean i dtaca le pinsin múinteoirí agus foireann eile de chuid na hearnála oideachais. Ar na feidhmeanna seo tá:

- pinsin a ríomh agus a bhronnadh ar mhúinteoirí bunscoile, meánscoile, pobalscoile agus scoileanna cuimsitheacha ar scor dóibh, agus ar éag múinteoirí i seirbhís nó i ndiaidh scoir, pinsin a ríomh agus a bhronnadh ar chéilí agus ar mhuirear na múinteoirí sin;
- pinsin a ríomh agus a bhronnadh ar Chúntóir Riachtanas Speisialta, a gcéilí agus a muirear;
- beartas aoisliúntais a fhorbairt, a athbhreithniú agus a leasú i gcomhar leis an Roinn Airgeadais;
- beartas pinsin mar aon le seirbhís rialacháin agus treorach a sholáthar do Choistí Gairmoideachais, Institiúidí Teicneolaíochta, Coláistí Oiliúna agus d'fhorais eile a bhfuil cúram ar an aonad astu.

Tá 41 comhalta foirne ag obair san aonad. Pléann an t-aonad le 42,000 múinteoir (18,000 ag an dara leibhéal agus 24,000 ag an mbunleibhéal) agus 6,000 Cúntóir Riachtanas Speisialta.

Ba ionann agus €484m an caiteachas ar phinsin sa bhliain 2005. Téann tuairim is 1,000 múinteoir bunscoile agus meánscoile, ar an iomlán, ar scor in aon bhliain amháin. Tá tuairim is 15,000 pinsinéir ar an bpárolla arna n-íoc go díreach ag an Roinn.

Ríomhann Coistí Gairmoideachais, Institiúidí Teicneolaíochta, Coláistí Oiliúna agus forais eile de chuid na hearnála oideachais a bpinsean féin agus bronnann ar a bhfoireann féin iad.

Ar deireadh, is í an pinsinéir is sine ar phárolla na Roinne ná bunmhúinteoir mná, ag aois 108, a chuaigh ar scor i Meitheamh 1963 ar fhorais éigeantacha aoise.

Sprioc Ardleibhéil 3 - Ag cuidiú leis an rathúnas eacnamúil

Cuirfimid le rathúnas agus forbairt eacnamúil na hÉireann agus lena hiomaíochas idirnáisiúnta.

Cuspóir 3.1:

Cothóimid cuidiú na hearnála tríú leibhéil le forbairt eacnamúil agus shóisialta i gcomhthéacas riachtanas atá ag athrú agus socróimid soláthar de phearsanra cáilithe agus oilte chun tacú le hiomaíochas na hÉireann agus lena forbairt eacnamúil agus shóisialta.

Rinne Athbhreithniú an OECD ar an Ardoideachas in Éirinn, a foilsíodh i Meán Fómhair 2004, roinnt moltaí maidir le leasuithe struchtúracha agus institúide in earnáil an ardoideachais. D'fhaomhaigh an Rialtas éirim ghinearálta na moltaí seo in Aibreán 2005.

Thaispeáin an OECD an gá a bhí le smaointeoireacht straitéiseach trasrannach ag leibhéal náisiúnta má bhí Éire le bheith ina mórimreoir i ngeilleagar eolais an domhain. Bunaíodh coiste idir-rannach ardleibhéil sa bhliain 2005 chun Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála go 2013 a ullmhú.

Bunaíodh an Ciste um Nuáil Straitéiseach don earnáil ardoideachais sa bhliain 2005. Tacóidh sé seo leis na hinstitiúidí agus iad ag forbairt earnáil láidir, nuachóirithe tríú leibhéil agus córas ceathrú leibhéil.

Ag Comhlíonadh Riachtanas Scile

Tá réimsí TEC, agus na hEolaíochtaí Ceimiceacha agus Bitheolaíochta aitheanta ag an nGrúpa Saineolaithe um Riachtanais Scile Amach Anseo mar réimsí a mbeidh tábhacht ar leith leo. Soláthraíodh áiteanna breise tríú leibhéil mar chuid de Chlár Intéirneach Fochéime TEC Éireann chun na ganntanais scile seo a leigheas. Clár TEC ar fud na dtionscal ar fad is ea an clár seo, atá á reachtáil i gcomhar leis an Údarás um Ardoideachas. Cuimsíonn an clár socrúchán dhá lá sa tseachtain d'fhochéimithe sna tríú agus sna ceathrú blianta de chúrsaí céime i raon de dhisciplíní sonraithe TEC.

Tá an Clár um Thiontú Scileanna Iarchéime dírithe go sonrach ar ghanntanais scile a leigheas i réimse na TEC agus i ngach réimse a d'aithin an Grúpa Saineolaithe um Riachtanais Scile Amach Anseo. Ghlac tuairim is 1,700 mac léinn páirt san cúrsaí seo sa bhliain 2005/06.

Printísigh

Bíonn oiliúint ar an láthair agus oiliúint fhoirmiúil rangbhunaithe i gceist i bprintíseachtaí. Soláthraíonn Ionaid Oiliúna FÁS nó coláistí oiliúna an oiliúint rangbhunaithe.

Bhí 11,200 áit printíseachta ann sa bhliain 2005. De réir na dtreochtaí is deireanaí, bhí éileamh mór ar cheird a bhain le foirgníocht agus éileamh laghdaithe ar cheird eile, dála oirtheoireacht. Sholáthraigh an Roinn 29 cinn de chúrsaí samhraidh le linn 2005 chun an riaráiste i gceirdeanna a bhain le foirgníocht a laghdú agus úsáid an bhonneagair a uasmhéadú.

Bronnann FETAC Teastais Náisiúnta Ceirde ag leibhéal 6 de Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí ar phrintísigh a chríochnaíonn a gcuid oiliúna.

An 38ú Comórtas Scile Domhanda

Chuir Éire foireann de 20 iomaitheoir chuig an 38ú Comórtas Scile Domhanda i Helsinki i mBealtaine 2005. Sholáthraíomar 21 scrúdaitheoir agus seisear den lucht tacaíochta teicniúil chomh maith. Bhain an fhoireann an 7ú áit san iomlán agus bhuaigh trí bhonn óir, bonn airgid, bonn cré-umha agus naoi gcinn de mheadáillí. Bhí 600 iomaitheoir ó 37 tír páirteach i 40 réimse scile mar Mheicitreonaic, Shiúinéireacht, Táthú, Chócaireacht agus Teiripe Scéime.

An cuspóir atá leis an gComórtas Scile ná a choiméad cothrom le dáta le caighdeáin idirnáisiunta, cáilíocht na n-iomaitheoirí Éireannacha a shaothrú agus luach saothair a bhronnadh as ucht feabhas scile.

Cuspóir 3.2:
Cothóimid úsáid TEC sna scoileanna agus misneoimid daltaí chun litearthacht ríomhaire a bhaint amach agus na scileanna a bheidh riachtanach chun a bheith rannpháirteach i Sochaí an Eolais a fháil.

TEC SNA SCOILEANNA

Ba é príomhfhócas 2005 ná rolladh amach nascacht leathanbhanda do na scoileanna aitheanta ar fad. Táthar ag tabhairt faoin dtionscadal seo i gcomhar le lucht tionscail tar éis bhunú Comhchiste Rialtais/Cónaidhm Teileachumarsáide agus Idirlín trí bliana ar fiú €18m é.

I mí Iúil 2004, ceapadh próiseas tairisceana iomaíoch do sholáthar poiblí chun teacht ar leathanbhanda a thabhairt do bhreis is 3,900 bunscoil agus iarbhunscoil. Fógraíodh torthaí an phróisis tairisceana in Eanáir 2005 agus síníodh conarthaí le sé cinn de chuideachtaí faoi Mheitheamh 2005. Cuireadh tús le rolladh amach na nascachta áitiúla agus na suiteála i Meitheamh 2005. Amhail ag deireadh 2005, bhí nascacht áitiúil suiteáilte i 2,894 scoil agus díobh siúd, bhí cumas ródaire suiteáilte agus tástáilte i 2,269 scoil. Meastar go mbeidh an tsuiteáil tugtha chun críche i ngach scoil a bhí ar an gcéad liosta rollta amach faoi 2006.

Tá nascacht scoileanna á ródú chuig an Idirlíon bealach Líonra Náisiúnta Leathanbhanda arna fhorbairt ag HEAnet agus arna theacht i bhfeidhm in 2005. Soláthraíonn an Líonra seirbhísí lárbhainistithe do scoileanna mar slándáil, frithspam / frithvíreas agus scagadh inneachair.

Bhunaigh an tIonad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas Deasc Náisiúnta Seirbhíse mar chomhéadan idir an Líonra, Soláthraithe Theacht ar Sheirbhís Leathanbhanda agus scoileanna sa chéim rollta amach agus ina dhiaidh sin chun comhairle agus cúnamh leanúnach a sholáthar do scoileanna.

Tógann an Clár um Theacht ar Leathanbhanda ar an infheistíocht trí chabhair deontais a chur ar fáil do scoileanna chun gur féidir leo a líonraí inmheánacha a fhorbairt. Ó Nollaig 2004 i leith, tá deontais de thuairim is €20m san iomlán faighte ag 3,700 scoil chun a saoráidí líonraíochta a fhorbairt.Tá sé rí-thábhachtach go bhforbrófaí saoráidí líonraíochta inmheánacha sna scoileanna chun gur féidir leo lánbhuntáiste as bhaint as chumas na nascachta leathanbhanda agus bogearraí ríomhaire a úsáid go héifeachtach.

Sa bhliain 2005, cuireadh breis is 11,300 áit oiliúna ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile i raon de chúrsaí oiliúnta TEC. Cuireadh comhairle agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna tríd an tSeirbhís Chomhairle TEC. Tá raon acmhainní teagaisc ar líne ar fáil do mhúinteoirí, bealach Tairseach Scoilnet, chun tacú le húsáid TEC sna scoileanna.

Cuspóir 3.3:

Cuideoimid le forbairt an oideachais in Éirinn trí chomhoibriú agus chinnteoireacht san Aontas Eorpach, in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus go déthaobhach agus trí rannpháirtíocht i gcláir agus i dtionscnaimh sna réimsí oideachais, eolaíochta agus oiliúna arna gcuidiú ag an Aontas Eorpach agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

AONTAS EORPACH

Seoladh Europass

Seoladh tionscnamh Europass, a aontaíodh faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2004, sa bhliain 2005. Dearadh doiciméid Europass sa chaoi is go gcuideodh siad le daoine cuntas a thabhairt ar a scileana agus a n-inniúlachtaí ar bhealach comhleanúnach, bíodh siad ag smaoineamh ar chlárú i gclár oideachais nó oiliúna, ag lorg poist, nó ag lorg taithí thar lear. Sa bhliain 2005 bunaíodh líonra d'Ionaid Náisiúnta Europass ar fud na hEorpa chun an tionscnamh a chomhordú. Tá ionad na hÉireann bunaithe in áras Údarás Náisiúnta Cáiliochtaí na hÉireann.

An Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF)

In Iúil 2005, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach plépháipéar a mhol go gceapfaí Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF).

Tá soláthar sa chreat le haghaidh 8 leibhéal dámhachtainí, ó litearthacht bhunúsach go leibhéal na hiardhochtúireachta agus féadann sé gach dámhachtain a chlúdach, lena n-áirítear dámhachtainí a dhéantar sa chóras scoile. Tá sé bunaithe ar ghnóthachtáil torthaí foghlama agus cuirfear chun feidhme é ar bhonn deonach. Meiteachreat is ea é ar féidir dámhachtainí i mBallstáit a chuimsiú ann ar bhonn oiriúnachta, agus ní chuireann sé iachall ar bhallstáit a struchtúir dámhachtana reatha a athrú. Rud deonach is ea rannpháirtíocht san EQF ach caithfidh Ballstáit toiliú do chomhphrionsabail maidir le dearbhú cáilíochta, aithint na foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus carnadh creidiúintí. Tógann moladh EQF ar phróisis Chóbanhávn agus Bhologna.

Treoracha AE

Daingníonn Treoir 2005/36/EC treoracha reatha maidir le haithint cáilíochtaí profaisiúnta agus tagann ina n-ionad. Áirítear ar na treoracha seo Treoir 89/48/EEC den 21 Nollaig 1988 a sholáthraíonn an bonn d'aithint cáilíochtaí múinteoireachta.

Tá cúram ar an Roinn as bearta faoi Threoir 2005/36/EC a chomhordú agus déanann ionadaíocht ar son na hÉireann ar ghrúpa oibre de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Tá de cheangal ar Éirinn na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bheidh riachtanach chun géilleadh don Treoir seo a thabhairt i bhfeidhm faoin 20ú Deireadh Fómhair 2007.

Straitéis Lispóin

Ba í Straitéis Lispóin an príomhfhócas beartais do thionscnaimh AE i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Féachann Straitéis Lispóin leis an 'ngeilleagar eolasbhunaithe is iomaíche agus is dinimiciúla ar domhan' a dhéanamh den AE faoin mbliain 2010. Mar chuid den straitéis seo, thionscain an AE próiseas piarfhoghlama sa bhliain 2005 i réimsí an oideachais agus na hoiliúna. D'eagraigh an Roinn ceann de na chéad ghníomhaíochtaí piarfhoghlama do lucht déanta beartais agus do chleachtóirí i réimse an fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí.

EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA EILE

Comhairle na hEorpa

D'fhógair Comhairle na hEorpa an bhliain 2005 mar Bhliain Eorpach na Saoránachta tríd an Oideachas, agus tugadh cuireadh do thíortha lena linn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun beartas agus cleachtas maidir le hoideachas saoránachta a neartú. Comhordaíodh gníomhaíochtaí na hÉireann sa Bhliain Eorpach seo trí Aonad um Fhorbairt Churaclaim Choiste Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath le tacaíocht dhíreach ón Roinn. Tacaíodh le gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear Gradam do Shaoránach Óg.

OECD

Tionóladh seimineár Airí OECD i mBaile Átha Cliath in Eanáir 2005 chun straitéisí a fhorbairt i dtaca le comhpháirtíochtaí gnó/oideachais. Bhí toscairí i láthair ó 20 cinn de thíortha OECD agus ionadaithe ab ea iad de chuid leasa sinsearacha oideachais agus gnó.

UNESCO

Roghanigh Institiúid Idirnáisiúnta UNESCO um Oideachas agus Phleanáil córas oideachais na hÉireann chun cás-staidéar mionsonraithe a dhéanamh air dá chohórt 2005 de phleanálaithe sinsearacha oideachais ó bhreis is tríocha tír.

CAIDREAMH DÉTHAOBHACH

Aithint Idirnáisiúnta do Dhámhachtainí

I mí Iúil, seoladh treoir nua chun cáilíochtaí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe
a chur i gcomparáid. Soláthraíonn an treoir seo eolas ar na bealaí ina n-aithnítear cáilíochtaí in Éirinn agus sa RA agus fágann gur féidir comparáid a dhéanamh idir cháilíochtaí agus idir leibhéil i ngach tír.

Athneartaíodh comhoibriú oideachais leis an tSín sa bhliain 2005 mar chuid de Straitéis Áise an Rialtais. Thángthas ar chomhaontú idir Éire agus an tSín ar aithint fhrithpháirteach do cháilíochtaí ardoideachais. Shínigh roinnt institiúidí tríú leibhéil Éireannacha comhaontuithe i gcaitheamh na bliana le roinnt de na hinstitiúidí acadúla is cáiliúla sa tSín.

IDIRNÁISIÚNÚ OIDEACHAS NA hÉIREANN

Bhí forbairt earnáil na seirbhísí idirnáisiúnaithe agus cur chun cinn na hÉireann mar cheann scríbe do mhic léinn thar lear mar ábhar le comhairliú fadréimsitheach a eagraíodh sa

bhliain 2005 idir an Roinn agus na páirtithe leasmhara lena mbaineann. Lean an comhairliú seo foilsiú tuarascála go déanach sa bhliain 2004 ar thodhchaí na hearnála a d'aithin réimse na seirbhísí idirnáisiúnta oideachais mar cheann de na hearnálacha gnó is tapúla fáis ar domhan. Chun mic léinn thar sáile a mhisniú, tá clárleabhar de chúrsaí faofa ar fáil anois. Soláthraithe oideachais ar mian leo faomhadh a fháil dá gcúrsa, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar chuimsiú sa chlárleabhar. Bíonn teacht ar fhostaíocht pháirtaimseartha ag mic léinn ón

Cuspóir 3.4:
Cuideoimid chun iomaíochas idirnáisiúnta a chothabháil trí Éire a fhorbairt mar gheilleagar eolasbhunaithe den chéad scoth.

TACAÍOCHT DO CHLÁIR TAIGHDE

Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéil (PRTLI)

Is iad príomhchuspóirí PRTLI chur chun cinn agus forbairt acmhainní taighde ardchaighdeáin in institiúidí tríú leibhéil. Is ar chúnamh a sholáthar d'institiúidí chun acmhainn taighde a fheabhsú agus a shaothrú a chuirtear an bhéim.

Cáilíonn taighde i raon leathan réimsí do thacaíocht, lena n-áirítear na daonnachtaí, an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an heolaíochtaí sóisialta. Caiteachas caipitil agus caiteachas reatha is ea a chuirtear ar fáil d'institiúidí. Cuirtear maoiniú ar fáil faoin PRTLI do na réimsí seo a leanas:

- Taighde iarchéime agus iardhochtúireachta
- Ionaid taighde lena n-áirítear ionaid il-láithreáin, comhoibritheacha
- Spás taighde breise saintógtha lena n-áirítear spás nua leabharlainne
- Trealamh agus teicneolaíocht úrscothach

Bhí trí cinn de shraitheanna cistiúcháin ann ó 1999 i leith. Fógraíodh an tsraith reatha sa bhliain 2001 agus bhí cistiú de €320m san áireamh ann do 23 cinn d'institiúidí tríú leibhéil.

Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht

Cuireann an Chomhairle chun cinn feabhas i dtaighde san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Sa bhliain 2005, leithdháileadh €17m ar an gComhairle. Ba iad seo na dámhachtainí nua a rinneadh sa bhliain 2005:

Scéim	Líon na nDámhachtainí Nua
Scoláireachtaí	209
Comhaltachtaí	50

An Chomhairle um Thaighde sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta

Cuireann an Chomhairle chun cinn feabhas sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Leithdháil an Roinn €8m ar an gComhairle sa bhliain 2005. Ba iad seo a leanas na dámhachtainí nua sa bhliain 2005:

Scéim	Líon na nDámhachtainí Nua
Scoláireachtaí	91
Comhaltachtaí	23
Comhaltaí Taighde	9
Comhaltaí Taighde Sinsearacha	10
Deontais Tionscadail	13

Sholáthraigh an Roinn cistiú leanúnach de €4.8m do thaighde in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta, €6.7m chun tacú le HEAnet agus €2m do thaighde Thuaidh/Theas.

An Ciste um Oideachas Eolaíoch agus Teicneolaíoch

Cuireadh an ciste seo ar bun sa bhliain 1997 chun oideachas teicneolaíochta a shaothrú ag gach leibhéal. Caitheadh díreach os cionn €307m san iomlán faoin gCiste go deireadh 2005.

Sprioc Ardleibhéil 4 - Caighdeáin agus cáilíocht a fheabhsú

Féachaimid le caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus dea-chleachtas a chur chun cinn sna seomraí ranga, sna scoileanna, sna coláistí agus sna hionaid eile oideachais.

Cuspóir 4.1:
Oibreoimid chun caighdeán an tsoláthair oideachais a fheabhsú trí chigireachtaí, measúnuithe agus pleanáil rialta.

Measúnú scoile agus córais

Sa bhliain 2005 bhí an Chigireacht fós ag leathnú raon a obair mheasúnachta i scoileanna agus in ionaid oideachais. Rinneadh é seo de réir a téarmaí tagartha reachtúla:

- Scoileanna a mheas
- Comhairle agus tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí, do scoileanna agus d'ionaid oideachais
- Comhairle a sholáthar mar thaca le forbairt beartais na Roinne

Dhírigh na príomhghníomhaíochtaí meastóireachta ar:

- Breis obair mheasúnachta scoile uile i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna
- Clár leitheadach de chigireachtaí ábhair ag an leibhéal iarbhunscoile
- Cigireachtaí ar bhreis is 1,600 múinteoir atá ar promhadh ag an mbunleibhéal
- Meastóireacht chuimsitheach ar mhúineadh na Gaeilge i 40 bunscoil.

Cigireachtaí i mBunscoileanna 2005	
Cigireacht Mhúinteoirí ar Promhadh	1611
Tuairiscí Scoile Aonair (Tuairiscí Scoile)	90
Tuarascáil Meastóireachta Scoile Uile	163
Measúnuithe ar Bhunscoileanna Príobháideacha don NEWB	9

Cigireachtaí in Iarbhunscoileanna 2005	
Tuairiscí Cigireacht Ábhair	676
Tuarascálacha Meastóireachta Scoile Uile	53

Meastóireacht Scoile Uile

Sa bhliain 2005 rinneadh meicníocht chaighdeánach den tsamhail mheastóireachta scoile uile mar mhodh meastóireachta i gcás bunscoileanna agus ar iarbhunscoileanna araon. Cuireadh deireadh de réir a chéile leis samhail an *Tuairisc Scoile* a bhí in úsáid i mbunscoileanna le breis is 20 bliain.

Cigireacht ábhair iarbhunscoile

Comhpháirt thábhachtach i gcónaí den chlár cigireachta

Meastóireacht Scoile Uile	2004	2005
Bunscoileanna	53	163
Iarbhunscoileanna	12	53

bliantúil in iarbhunscoileanna is ea cigireacht ábhair. Mhéadaigh líon na dtuairiscí cigireacht ábhair a soláthraíodh sa bhliain 2005 ó 676 ó 336 sa bhliain 2004. Measadh ábhair faoi na ceannteidil de sholáthar agus tacaíocht scoile uile; pleanáil agus ullmhúchán; múineadh agus foghlaim agus measúnú agus gnóthachtáil.

Múinteoirí Nuacháilithe

Rinneadh cigireachtaí ar 1611 bunmhúinteoir ar promhadh sa bhliain 2005. Tugadh staidéar cuimsitheach, ina raibh tuairimí na gcigirí agus na múinteoirí ar promhadh ar an bpróiseas promhaidh, chun críche agus foilsíodh tuarascáil ar an staidéar: *Ag Tosú ag Múineadh: Múinteoirí Nuacháilithe i mBunscoileanna na hÉireann i mí na Nollag 2005*.

Nós imeachta d'Athbhreithniú Cigireachta ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den *Acht Oideachais, 1998*

Féadfaidh múinteoir nó bord scoile a iarraidh ar an bPríomhchigire athbhreithniú a dhéanamh ar chigireacht ar bith a théann i gcion ar mhúinteoir indibhidiúil nó ar an scoil. Tá feidhm ag an nós imeachta athbhreithniúcháin maidir le gach meastóireacht agus tuarascáil seachas iad siúd ar ghá a sholáthar faoi na nósanna imeachta reatha do mhúinteoirí a bhfuil deacrachtaí gairmiúla acu. Tugadh ceithre athbhreithniú chun críche sa bhliain 2005. Seasadh leis an gcigireacht i dtrí chás agus leasaíodh an toradh sa chás eile.

Tionscadail meastóireachta spriocaimsithe

Dearadh meastóireachtaí spriocaimsithe chun caighdeán seirbhísí nó cláir ar leith arna soláthar ag scoileanna agus ionaid oideachais a fhiosrú. Rinneadh meastóireacht mhionsonraithe ar chur chun feidhme an churaclaim Ghaeilge i 40 bunscoil sa bhliain 2005. Dearadh an mheastóireacht seo chun go bhfeicfí conas mar a bhí clár an churaclaim leasaithe Gaeilge, a tugadh isteach sa bhliain 2001, á chur chun feidhme sna scoileanna. Chlúdaigh an mheastóireacht athbhreithniú ar ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge. Le linn bhliain acadúil 2004/2005 rinneadh meastóireacht ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge ag an tsraith shóisearach i 10% d'iarbhunscoileanna. Fuair gach ceann de na 75 scoil a bhí bainteach leis tuarascáil a d'admhaigh dea-chleachtas agus a rinne moltaí le haghaidh feabhsuithe. Thug cigirí cuairt ar 320 rang agus bhreathnaigh siad múineadh 276 múinteoir le linn an phróisis seo.

Tionscnaíodh tionscadal meastóireachta chomh maith le linn an chéad téarma den scoilbhliain 2005/2006 chun tionchar na dteicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide (TEC) ar mhúineadh agus ar fhoghlaim sna bunscoileanna agus sna

hiarbhunscoileanna a fhiosrú. Scrúdóidh an mheastóireacht tionchar an TEC ar mhúineadh agus ar fhoghlaim, measúnófar dearcthaí agus scileanna TEC na ndaltaí ag pointí roghnaithe sa chóras oideachais agus measúnófar a mhéad a úsáidtear TEC chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I gceist sa mhodheolaíocht bhí suirbhé poist agus meastóireacht ar shampla de 32 bhunscoil agus 20 iarbhunscoil. Faoi dheireadh 2005, bhí soláthar TEC i 13 de na bunscoileanna agus i 12 de na hiarbhunscoileanna measta ag na Cigirí. Tiomsófar tuarascáil náisiúnta meastóireachta i ndiaidh na hoibre a rinneadh sa bhliain 2005.

Meastóireacht a nascadh le forbairt scoile

San áireamh i dtuarascálacha meastóireachta cigirí chuig scoileanna indibhidiúla bíonn achoimre ar eochairthátail agus moltaí le haghaidh forbairt bhreise. Ceaptar na moltaí seo mar threoir do lucht bainistíochta agus d'fhoireann na scoile chun tosaíochtaí a aithint do phleanáil agus d'fhorbairt scoile a fheabhsóidh cáilíocht an oideachais a chuirtear ar fáil do dhaltaí.

Suirbhé ar Chustaiméirí na Cigireachta

I mí na Nollag 2005 foilsíodh torthaí shuirbhé neamhspleách custaiméirí ar obair na Cigireachta. Ba iad MORI Ireland a bhí i mbun an tsuirbhé agus thug sé deis do mhúinteoirí, do chomhaltaí de bhoird bhainistíochta, do phríomhoidí agus do thuismitheoirí a dtuairimí a chur in iúl ar chaighdeán na seirbhísí a chuireann an Chigireacht ar fáil. Fuair an suirbhé leibhéal ar sástachta leis an gCigireacht, agus ba é an tuairim i dtaobh na gcigirí ná go raibh siad "an-ghairmiúil go deo", "cúirtéisteach" agus "éifeachtach". Léirigh breis is 90% de phríomhoidí agus de mhúinteoirí go raibh siad sásta leis na gnéithe éaagsúla d'obair na gcigirí sna scoileanna.

Foilseacháin na Cigireachta

D'fhoilsigh an Chigireacht roinnt tuarascálacha achomair agus meastóireachtaí speisialaithe ar chaighdeán na scoileanna. Sholáthraigh *Tuarascáil an Phríomhchigire 2001-2004* for-radharc ar obair na Cigreachta sa tréimhse ceithre bliana sin. Scrúdaigh foilseacháin áirithe gnéithe ar leith den chóras oideachais lena n-áirítear:

- *Litearthacht agus Uimhearthacht i Scoileanna Faoi Mhíbhuntáiste: Dúshláin do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimeoirí*
- *Meastóireacht ar Chur Chun Feidhme Curaclaim sna Bunscoileanna: Béarla, Matamaitic agus na Dearcealaíona*
- *Ag Tosú ag Múineadh: Múinteoirí Nuacháilithe i mBunscoileanna na hÉireann*
- *Rath ar an Léitheoireacht*
- *Olltuairisc ar na Coláistí Gaeilge 2004.*

Lena chois sin d'fhoilsigh an Chigireacht treoir do mhúinteoirí agus do scoileanna i *dTreoir do Mhúinteoirí ar Promhadh* agus *Treoirlínte maidir le Treoir Chuí* do scoileanna dara leibhéil.

I gcaitheamh an tsamhraidh, d'fhógair an tAire go raibh sé ar intinn aici tuarascálacha cigireachta scoile a fhoilsiú a bheadh mar chuid de chlár ginearálta de chigireachtaí scoile. Tugadh

faoi phróiseas leitheadach comhairliúcháin leis na páirtithe oideachais féachaint cérbh iad na socruithe foilseacháin ab fhearr agus réitíodh agus foilsíodh dréacht-threoirlínte ar an bpróiseas foilsitheoireachta a scaipeadh ar na páirtithe oideachais.

> ***Cuspóir 4.2:***
> Tacóimid le forbairt agus cur chun feidhme chreatlach náisiúnta cáilíochtaí mar a fhoráltar dó in Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 agus le comhordú aithint cáilíochtaí.

Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí

Tá cúram ar Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, a bunaíodh faoi *Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999*, as Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC) a fhorbairt agus a chothabháil.

Tá deich leibhéal sa Chreatoibre a sholáthraíonn aitheantas do gach foghlaim sna hearnálacha foirmeáilte agus neamhfhoirmeáilte cibé an ar scoil, trí bhreisoideachas (dámhachtainí FETAC) nó trí ardoideachas (dámhachtainí HETAC) a gnóthaíodh í. Mar shampla, tá an Teastas Sóisearach láithrithe ag Leibhéal 3 sa Chreatoibre, cáilíochtaí printíseachta ag Leibhéal 6, an Chéim Bhaitsiléara Onóracha ag Leibhéal 8 agus an Dochtúireacht ag Leibhéal 10. Fuair 133,000 duine dámhachtainí faoin gCreatoibre ó FETAC agus HETAC sa bhliain 2005.

Tá *Aithint Cáilíochtaí Éireann* curtha ar bun ag Údarás na gCáilíochtaí d'iarrataí maidir le haithint dámhachtainí ó thíortha eile. Fanann na cúraimí do na gairmeacha rialaithe faoi na Treoracha AE éagsúla gan athrú, ach comhordaítear gach iarraidh trí Údarás na gCáilíochtaí d'áis an phobail.

An Scéim um Naisc Ardoideachais (HELS)

Thairg scéim HELS áiteanna i 17 cinn d'Institiúidí Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtainí FETAC, faoi réir cúrsa iar-Ardteistiméireachta ar leith a bheith críochnaithe ag na mic léinn agus íoschaighdeáin acadúla a bheith sroichte acu. Leithdháileadh tuairim is 2,000 áit ar bhreis is 250 cúrsa ar bhonn dhámhachtainí FETAC na mac léinn. Mar sin is féidir dul ar aghaidh ó theastas go dioplóma, go céim, go cáilíochtaí iarchéime. Ciallaíonn sé go bhfuil bealach malartach ann, seachas an Ardteistiméireacht, chun teacht ar ardoideachas. Déanann mic léinn iarratais tríd an Lár-Oifig Iarratas.

> ***Cuspóir 4.3:***
> Oibreoimid chun tacú le feabhas i gcaighdeán an teagaisc agus an fhoghlaim acadúil san ardoideachas.

Sa bhliain 2004, rinne Cumann Ollscoileanna na hEorpa (EUA) an chéad athbhreithniú foirmeáilte ar nósanna imeachta dearbhú cáilíochta arna chomhchoimisiúnú ag an Údarás um Ardoideachas (HEA) agus Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Foilsíodh tuarascáil EUA in Aibreán 2005.

Léiríonn tátail thuarascáil EUA go bhfuil na riachtanais reachtúla arna leagadh amach in *Acht na nOllscoileanna, 1997* sáraithe ag na hollscoileanna sa mhéid go bhfuil nósanna imeachta láidre feidhmiúla um dhearbhú cáilíochta curtha i bhfeidhm acu.

Tacaíonn an tÚdarás um Ardoideachas le hinstitiúidí ardoideachais le roinnt cistí tiomnaithe a leithdháiltear a bhonn iomaíoch chun a chumasú dóibh an cleachtas is fearr a chur chun feidhme sa teagasc agus sa bhfoghlaim agus chun riachtanais na mac léinn a chomhlíonadh.

Faoi *Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992* agus *Acht Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992* tá cúram ar Chomhairle Acadúil gach Institiúid Teicneolaíochta as obair oideachasúil an choláiste agus caighdeáin acadúla a cúrsaí agus a gníomhaíochtaí.

Faoi *Acht na gCáilíochtaí, 1999*, tá ceanglas ar Institiúidí Teicneolaíochta nósanna imeachta a bhunú 'chun críche

caighdeán an oideachais agus na hoiliúna arna soláthar, arna n-eagrú nó arna gceannach ag an soláthraí sin a chothabháil agus a fheabhsú tuilleadh....' Tá na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ag gach ceann de na hinstitiúidí arna rialú ag an Acht.

Cuspóir 4.4:
Cuirfimid an mhúinteoireacht chun cinn mar ghairm agus cothabhálfaimid agus feabhsóimid caighdeán na múinteoireachta trí Chomhairle Mhúinteoireachta a chur ar bun.

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

Tar éis toghchán go déanach sa bhliain 2004 faoi Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001 seoladh an Chomhairle Mhúinteoireachta go hoifigiúil i bhFeabhra 2005 le cistiú tosaigh de €800,000.

Is iad feidhmeanna na Comhairle ná:

- An mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm
- Forbairt leanúnach gairmiúil na múinteoirí a chur chun cinn.
- Clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- Cóid d'Iompraíocht agus de Chleachtas Gairmiúil a fhorbairt a mbeidh eolas, scil agus cumas múinteoireachta san áireamh iontu
- Gairm na múinteoirí agus iompraíocht ghairmiúil múinteoirí a rialú agus
- Caighdeáin múinteoireachta, eolais, scile agus cumais a chothabháil agus a fheabhsú.

Cuspóir 4.5:
Cuideoimid, i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta, le forbairt comhoibriú Thuaidh / Theas agus bearta i bpáirt i réimse an oideachais agus le forbairt an chomhoibrithe le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, i Sasana, sa Bhreatain Beag agus sna Stáit Aontaithe.

Ollscoileanna Éireann

Bunaíodh Ollscoileanna Éireann chun comhoibriú a chur chun cinn i measc na naoi gcinn d'ollscoileanna ar dhá thaobh na teorann. Rinneadh taighde go dtí seo ar:

- Deiseanna do chláir r-fhoghlama
- Rialacháin a chomhchuibhiú
- Comhchéimeanna a dhámhachtain
- Socruithe a dhéanamh d'aistriú creidiúintí
- A indéanta is a bheadh seirbhís aistriú teicneolaíochta agus maoin intleachtúil uile-oileán.

Clár Thuaidh Theas do Thaighde Comhoibritheach

Tacaíonn an clár le taighde agus forbairt chomhoibritheach idir institiúidí tríú leibhéil ar an oileán agus maoinítear é faoin gClár Náisiúnta Forbartha. Is é an tÚdarás um Ardoideachas a bhainistíonn an clár le maoiniú de €5.5m ón Roinn.

Cuspóir 4.6:
Pleanálfaimid agus soláthróimid cóiríocht oiriúnach éifeachtach ó thaobh costais mar thaca le seachadadh oideachas ardchaighdeáin.

Pleanáil um Fhorbairt Limistéir

Dearadh an tsamhail phleanála do bhonneagar oideachais, a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 2004, chun a chinntiú go socrófaí soláthar scoile i ndiaidh phróiseas follasach comhairliúcháin. Bíonn deis ag tuismitheoirí, urraí na scoileanna beartaithe agus gach páirtí leasmhar sa cheantar a dtuairimí a chur in iúl le linn an phróisis.

Tar éis foilsiú gach Dréacht-Phlean um Fhorbairt Limistéir, téann an Coimisiún um Chóiríocht Scoile i mbun phróisis chomhairliúcháin phoiblí inar feidir le gach páirtí leasmhar aighneacht a dhéanamh. Foilsítear gach ceann de na haighneachtaí seo.

Tagann an próiseas chun buaice i ngach cás le foilsiú Phlean Deireanach um Fhorbairt Limistéir a mbíonn gach cinneadh i dtaobh cistiú caipitil sna deich mbliana ina dhiaidh sin bunaithe air.

Ó tugadh isteach an tsamhail nua phleanála, foilsíodh Pleananna um Fhorbairt Limistéir le haghaidh Móinteach Mílic agus Maighean Rátha, do bhealach an N4/M4 agus le haghaidh Cathair na Mart / An Port Nua. Cuirfear na pleananna chun feidhme, de réir mar is cuí, i gcomhthéacs Chlár Tógála Scoile 2006-2010.

An Clár Tógála Scoile

Tá clár tógála scoile níos mó ná riamh á seachadhadh faoin gclúdach litreach caipitil 5 bliana don earnáil oideachais. Liostaigh clar tógála 2005 breis is 120 tionscadal ar an mórscála a rachaidh go céim na tairisceana agus na tógála laistigh de dhá mhí go cúig mhí dhéag.

Le blianta beaga anuas, tá treoirscéimeanna rite ag an Roinn inar cineachadh seachadadh tionscadal tógála scoile go leibhéal bhainistíocht áitiúil na scoile. Ó thús 2004 i leith, déantar gach tionscadal ar an mionscála, agus níos mó i gcónaí de na tionscadail ar an mórscála, a sheachadadh ar an mbealach seo. Tá údaráis scoile tar éis freagairt go dearfach do chineachadh na smachta agus don uathrialachas méadaithe atá acu.

Scéim na nOibreacha Samhraidh

An aidhm atá le Scéim na nOibreacha Samhraidh ná cistiú a chineachadh ar údaráis scoileana aonair chun tabhairt faoi oibreacha tógála ar an mionscála a d'fhéadfaí a chur i gcrích le linn mhíonna an tsamhraidh. Faoi théarmaí na scéime, bainistíonn údaráis scoile na hoibreacha seo le treoir agus a laghad cur isteach agus is féidir ón Roinn.

Leithdháiltear cistiú do thionscadail de réir chritéir réamhfhoilsithe. Sa bhliain 2005, shroich an cistiú €70.5m agus thug 763 scoil faoi oibreacha, 470 bunscoil agus 293 iarbhunscoil.

Tionscnamh na Scoileanna Beaga

Ceadaíonn an tionscnamh seo don bhainistíocht áitiúil cóiríocht scoile a nuachóiriú i mbunscoileanna beaga. Le linn 2005, ceadaíodh iarratais ó 84 scoil chuige seo. I gcás 70% díobh seo críochnaíodh iad nó bhí obair ar bun i gcaitheamh na bliana.

Tionscnaimh na Buanchóiríochta

Laghdaíonn an tionscnamh seo úsáid seomraí réamhdhéanta mar leigheas ar riachtanais chóiríochta phráinneacha scoileanna. I gcaitheamh 2005, ceadaíodh 66 scoil, agus críochnaíodh a bhformhór nó bhí siad ar an láthair.

Dearthaí Scoile Cineálacha

Tá dearthaí caighdeánacha/cineálacha ceaptha ag Aonad Tógála na Roinne, do scoileanna 8 agus 16 seomra ranga. Osclaíodh an chéad scoil dá leithéid ag Baile an Ghadaí, Leamhcán, i Meán Fómhair 2005. Cuireadh sé cinn eile de scoileanna cineálacha san áireamh i gclár tógáil scoile 2005. Meastar go mbeidh úsáid na ndearthaí seo, áit is féidir, ina shábháil ar tháillí foirne dearaidh agus go laghdóidh sé chomh maith an t-am a thógann sé chun tionscadail a thabhairt chun críche.

Tá dearthaí caighdeánaithe/cineálacha ceaptha do hallaí corpoideachais in iarbhunscoileanna chomh maith. Tugadh dhá cheann de na hallaí seo chun críche agus tá dhá cheann eile sceidealta le dul ar an láthair sa bhliain 2006. Cuirfidh úsáid an dearaidh chineálaigh dlús le seachadadh hallaí corpoideachais agus laghdóidh sé costais dearaidh.

Sláinte agus Sábháilteacht

Sa bhliain 2004, rinne an Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit i gcomhar leis an Roinn athbhreithniú riosca chun caighdeáin sláinte agus sábháilteachta saothair a mheas i gceardlanna iarbhunscoile – ar na hábhair a clúdaíodh bhí Teicneolaíocht Ábhar (adhmad), Staidéir Foirgníochta, Miotalóireacht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht. Ba é cuspóir an athbhreithnithe caighdeáin reatha a mheasúnú agus tuarascáil agus treoirlínte a fhoilsiú a léireoidh aon lochtanna a aithníodh. Mhol an tuarascáil, a eisíodh i Nollaig 2005, gur cheart trealamh a uasghrádú chun caighdeáin ábhartha sláinte agus sábháilteachta a shroicheadh, sin nó é a athchur. Mhol an tuarascáil leis go mbainfí gach innealra agus trealamh iomarcach as na ceardlanna agus go dtabharfaí ar shiúl é de réir riachtanais sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil.

D'fhreagair an Roinn láithreach tríd an tuarascáil a eisiúint do na scoileanna ar fad agus a chomhairliú d'Údaráis Bhainistíochta Scoile go raibh ceanglas dlíthiúil orthu timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar don fhoireann agus do na daltaí. Leithdháileadh €40m i gcabhair deontais chun trealamh a athchur agus trealamh eile a nuachóiriú de réir na dtreoirlíne agus na liostaí de threalamh ceadaithe. Eisíodh €22m sa bhliain 2005 agus eiseofar an fuílleach sa bhliain 2006.

Clár Leigheasacháin

Rinneadh dul chun cinn eile sa bhliain 2005 ar chláir leigheasacháin aispeiste, radóin agus eastarraingt deannaigh.

Beartais Fuinnimh

Tá an tAonad Pleanála agus Tógála laistigh den Roinn i gcónaí ag cur feabhas ar chaomhnú fuinnimh i bhfoirgnimh oideachais lena bheartas fuinnimh DART (Dearadh, Feasacht, Taighde & Teicneolaíocht). Tacaíonn doiciméid threoir theicniúil na Roinne leis an mbeartas seo. Tá sé táispeáinte ag scoileanna a dearadh agus a tógadh ar an gcaoi seo go mbíonn feidhmíocht fuinnimh acu a bhíonn a dhá oiread níos fearr ná an cleachtas idirnáisiúnta is fearr mar a fheicfear ón ngraf thíos. I measc na dtionscadal taighde atá á bhforbairt i láthair na huaire tá tionscadal crios fuinnimh Dhún Dealgan, tionscadail coire millín adhmaid / slis adhmaid agus tionscadal tuirbín gaoithe Oilean Thoraí céim 2.

Teidhmíocht Fuinnimh sna Bunscoileanna



FOIRGNÍOCHT TRÍÚ LEIBHÉIL

Le linn 2005, rinneadh roinnt tionscadal ardtosaíochta a chríochnú nó a thabhairt gar dá gcríoch. Ar na tionscadail seo bhí roinnt saoráidí nua chun tacú le soláthar áiteanna breise do scileanna sláinte agus leathnú líon na n-áiteanna d'oiliúint múinteoirí.

Ar na saoráidí a tugadh chun críche le linn 2005 bhí:

Institiúid Tríú Leibhéil	An tSaoráid a Cuireadh ar Fáil
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Teiripe Urlabhra agus Teanga/ Teiripe Saothair
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	Athlonnú Fisiteiripe agus Radagrafaíochta
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	Oibrithe Sóisialta agus Urlabhra agus Teanga Teiripe Saothair
Coláiste Ríoga na Máinlianna	Cógasaíocht
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Radagrafaíocht
Ollscoil Luimní	Ionad Dearadh Innealtóireachta

Shroich na tionscadail seo a leanas tulstaid foirgníochta:

Institiúid Tríú Leibhéil	An tSaoráid atá á Soláthar
Coláiste Oiliúna Mhuire gan Smál	Forbairt Campais Céim 1a agus Bonneagar
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Scoil Cógaseolaíochta Nua
Ollscoil Luimní	Foirgneamh Teiripí

Rinneadh tionscadail chaipitil bhreise faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéil (PRTLI) le buiséad de €403m. Tá eolas breise ina thaobh seo le fáil faoi Chuspóir 3.4.

Scéim na nDeontas Cineachta

Chumasaigh an scéim deontais cineachta mionoibreacha caipitil d'Institiúidí Teicneolaíochta tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin riachtanacha ag costas de €15m sa bhliain 2005.

Clár Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP)

Fógraíodh forleathnú mór ar Chlár Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí an Rialtais ó 2006 go 2009 sa bhliain 2005 nuair a cuireadh €300m ar fáil chun 23 iarbhunscoil nua agus 4 bunscoil nua a sholáthar ar 22 láthair timpeall na tíre. Leithdháileadh €270m breise chun 17 tionscadal nua tríú leibhéil a sholáthar ar 9 láthair.

An Clár Chéad agus Dara Leibhéal:

Fógraíodh an chéad braisle iarbhunscoileanna faoin gclár CPP a bhí comhdhéanta de Scoil na mBráithe Mhuire agus Scoil Chríost Rí, Port Laoise, Co. Laoise, Coláiste Bheannchair, Beannchar, Co. Uíbh Fhailí agus Pobalscoil na Gailinne, An Féar Bán, Co. Uíbh Fhailí i Samhain 2005.

An Clár Tríú Leibhéil: Cúlra

D'fhógair an tAire pacáiste CPP tríú leibhéil arbh fhiú €270m é ar an 11ú Nollaig 2005.

Soláthrófar 17 tionscadal san iomlán i naoi gcinn de choláistí leis an tsamhail chomhpháirtíochta phríobháideach phoiblí. Oibríodh amach na critéir do roghnú na dtionscadal seo i gcomhar leis an Údarás um Ardoideachas.

Scoil Cheoil Chorcaí

Síníodh an conradh do thógáil Scoil Cheoil Chorcaí i Meán Fómhair 2005. Tar éis shíniú an chonartha cuireadh tús láithreach leis an tógail agus tá súil é a bheith críochnaithe faoi lár 2007.

Sprioc Ardleibhéil 5 - Ár n-acmhainn seachadta a shaothrú

Tacóimid le soláthar an oideachais trí phleanáil ar ardchaighdeán, ceapadh beartais agus seirbhís do chustaiméirí.

Cuspóir 5.1:
Cuirfimid le hacmhainn na Roine díriú ar a feidhmeanna lárnacha, go háirithe an phleanáil straitéiseach

Feidhm lárnach de chuid na Roinne is ea seirbhís oideachais ardchaighdeáin a sholáthar ar fud na tíre. Bhí roinnt cuspóirí leis an gclár leasuithe struchtúracha a cuireadh chun feidhme le blianta beaga anuas, mar aistriú spriocaimsithe feidhmeanna oibriúcháin ón Roinn agus struchtúr d'oifigí réigiúnacha a bhunú.

Tríd an Líonra d'Oifigí Réigiúnacha, tá ionadaíocht ag an Roinn ar fhorais réigiúnacha agus áitiúla, agus soláthraíonn sí seirbhísí oideachais eile ar fearr a sholáthar ag an leibhéal áitiúil.

Aistriú freagrachta
Sa bhliain 2005 aistríodh réimsí freagrachta chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Chomhairle Mhúinteoireachta. Gheofar eolas breise faoi na cuspóirí cuí.

Cuspóir 5.2:
Earcóimid, imlonnóimid, forbróimid agus tacóimid le comhaltaí foirne ionas gur féidir leo cuidiú chomh maith is atá iontu le cultúr dea-bhainistithe, feidhmíocht-thiománta i dtimpeallacht oibre atá oscailte agus dearfach.

Cultúr Faoi Thiomáint Feidhmíochta
Faoin gcomhaontú Chomhpháirtíocht Shóisialta, An Dul Chun Cinn a Choimeád, tá an Roinn tiomanta i leith lánfheidhmiú Chóras Bhainistiú agus Forbairt Feidhmíochta (PMDS) agus lánpháirtiú PMDS le beartas agus próisis daonacmhainní. Aontaíodh na meicníochtaí do lánpháirtiú ag an Ard-Chomhairle i Meitheamh 2005.

Lean an Roinn uirthi de bheith ag soláthar oiliúna d'aiseolas aníos mar chuid de phróiseas PMDS agus chuir tús le seisiúin eolais don fhoireann ar impleachtaí an lánpháirtithe.

Soláthraíonn *An Dul Chun Cinn a Choimeád* próiseas fíorúcháin agus tuairiscíonn Ranna go rialta do Ghrúpa Fíorúcháin Feidhmíochta na Státseirbhíse ar na gealltanais a rinneadh faoin gcomhaontú. Le linn 2005, mheas an Grúpa go raibh dóthain dul chun cinn déanta chun go bhféadfaí

íocaíochtaí tagarmharcála a íoc mar aon le méadúithe pá babhta ginearálta do chomhaltaí foirne.

Timpeallacht Dhearfach Oibre

Áirítear ar Straitéis Daonacmhainní na Roinne tiomantas i leith timpeallacht dhearfach oibre a chinntiú don fhoireann ar fad, ionas gur féidir le gach duine oibriú faoi dhínít agus faoi mheas, saor ó chiapadh, bhulaíocht nó leithcheal i ngeall ar inscne, cine, gnéasacht etc.

Sa bhliain 2000, aontaíodh nósanna imeachta um imscrúdú gearán i dtaobh bulaíochta, ciaptha nó ciapadh gnéasach idir bainistíocht na Státseirbhíse agus na ceardchumainn. Tar éis athbhreithnithe, tháinig nósanna imeachta leasaithe i bhfeidhm ón 1ú Meán Fómhair 2005 agus scaipeadh iad ar an bhfoireann. I measc na nósanna imeachta leasaithe tá soláthar d'éadrán foirmeáilte mar rogha ar imscrúdú foirmeáilte.

Oiliúint/forás na foirne

Soláthraíodh breis is 4,500 lá oiliúna sa bhliain 2005, i réimsí a chuimsigh mapáil phróiseas gnó, oiliúint sa Ghaeilge agus forbairt bainistíochta. Mar chéatadán de chostais phárolla, ba é 4.1% an caiteachas ar oiliúint agus forás foirne sa bhliain 2005.

Oiliúint sa Ghaeilge

Chun tacú le gealltanais na Roinne i leith seirbhísí a sholáthar as Gaeilge, eagraíodh treoirscéim de chlár dianoiliúna Gaeilge i mí Dheireadh Fómhair 2005. Tugadh tús áite de na rannóga sin a bhíonn ag plé le custaiméirí i nGaeilge. Soláthraíodh oiliúint a bhí dírithe ar riachtanais na rannóga do 30 chomhalta foirne, lá sa tseachtain, thar thréimhse ocht seachtaine.

Athchistiú táillí

Sholáthraigh an Roinn tacaíocht i gcónaí do chomhaltaí foirne a fhreastalaíonn ar chúrsaí breisoideachais ina gcuid ama féin. Athchistíodh €168,480 faoin scéim seo sa bhliain 2005 arbh ionann é agus méadú de 30% ar 2004. Rinneadh athchistiú iomlán de tháillí i gcás 62 comhalta foirne i dtaca le bliain acadúil 2004/05.

> ***Cuspóir 5.3:***
> Tacóimid le bainisteoirí agus le comhaltaí foirne chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh go héifeachtach laistigh de chreatlach straitéiseach agus luach ar airgead.

Seirbhís do Chustaiméirí

Lean feidhmiú Chairt do Chustaiméirí na Roinne (2004-2007) agus Plean Gníomhaíochta Sheirbhís do Chustaiméirí sa bhliain 2005. Is é an fón an bealach a roghnaíonn formhór na ndaoine chun teagmháil a dhéanamh leis an Roinn. Sa bhliain 2005, fuair an Roinn díreach faoi bhun 1.04m glao ó chustaiméirí seachtracha. Freagraíodh 81.7% de na glaonna seo laistigh de

20 soicind, a shroich an sprioc a bhí leagtha síos sa Chairt do Chustaiméirí.

Tá nósanna imeachta gearán i bhfeidhm do chustaiméirí nach mbíonn sásta le seirbhís agus a mheasann nár soláthraíodh í de réir na ngealltanas aontaithe um sheirbhís do chustaiméirí atá leagtha síos ag an Roinn nó de réir prionsabal cothromais agus dea-chleachtas riaracháin a bhfuil glacadh ginearálta acu. Rinneadh 6 ghearán mar iad sa bhliain 2005 agus réitíodh gach ceann díobh go sásúil. Cuireadh líne theileafóin speisialta do ghearáin maidir le seirbhís do chustaiméirí ar bun go luath sa bhliain 2005.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Soláthraíonn *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* creatlach reachtúil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. Gné amháin den reachtaíocht ná go gcaithfidh forais phoiblí, nuair a iarrann an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta é, scéim réiteach faoi

Alt 11 den reachtaíocht ag leagan amach na seirbhísí a chuirtear ar fáil:

- Trí Ghaeilge
- Trí Bhéarla
- Trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

Bhí an Roinn ar cheann de na chéad 25 foras poiblí ar iarradh orthu scéim a dhréachtadh de réir Alt 11. Tháinig próiseas comhairliúcháin phoiblí i dtaobh cad iad na seirbhísí ar chóir tús áite a thabhairt dóibh chun iad a chur ar fáil trí Ghaeilge chun críche in Eanáir 2005. Aontaíodh Scéim 2005-2008 leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tháinig sé i bhfeidhm i Nollaig 2005.

Athbhrithnithe ar Chaiteachas

Thosaigh an Tionscnamh um Athbhreithniú ar Chaiteachas sa bhliain 1997 sna Ranna/Oifigí ar fad a chaitheann airgead. Na cuspóirí atá leis ná caiteachas Státchiste a anailísiú ar bhealach córasach agus bonn a sholáthar ar a bhféadfaí beartas agus cinntí caiteachais níos eolasaí a dheanamh. Tá sé ar cheann de raon tionscnamh nuachóirithe a fhéachann le bainistíocht na hearnála poiblí a bhogadh ón bhfócas traidisiúnta ar ionchur chun díriú níos mó ar ghnóthachtáil torthaí.

Tá na hathbhreithnithe seo a leanas idir lámha agus tuairisceofar orthu sa bhliain 2006:

- Scéim Soláthar Múinteoirí do Bhunscoileanna
- Athbhreithniú ar Thionscnamh na Scoileanna Beaga agus ar Thionscnamh na Buanchóiríochta.

> ***Cuspóir 5.4:***
> Soláthróimid seirbhísí FT laistigh dár n-eagraíocht, a thacóidh le ceapadh beartais, meastóireacht beartais agus le bealaí nua-aimseartha, éifeachtach chun seirbhís a sholáthar dár gcliaint.

Tacaíocht agus Feabhsú ar Sheirbhísí FT

Cuireadh córas párolla comhtháite Bunmhúinteoirí i bhfeidhm chun a dteidlíochtaí reachtúla a íoc le múinteoirí ionadacha bunscoile faoin *Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001*. Tionscnaíodh tionscadal chun príomhbhunachair sonraí na Roinne a chuíchóiriú, rud a chuirfeadh le héifeachtacht oibriúcháin agus iontaofacht sonraí. Cuireadh samhail feabhsaithe Inlín i bhfeidhm chomh maith le linn 2005.

Tionscadal Sheirbhísí Oideachais Idirghníomhacha (ESI)

Is í aidhm atá leis an tionscadal seo ná tairseach agus feidhmchláir Gréasánbhunaithe a cheapadh chun seirbhísí ar líne a sholáthar do scoileanna. Lean dearadh agus ceapadh Chóras Éileamh Ar Líne ar aghaidh sa bhliain 2005. Cumasóidh an córas seo do scoileanna éilimh phá a chríochnú ar líne do laethanta/uaireanta a oibríonn fostaithe scoile páirtaimseartha nó ionadacha. Ginfidh sé seo íocaíochtaí díreacha tuarastail do na daoine sin ina dhiaidh sin.

Cuspóir 5.5:
Soláthróimid raon feidhmeanna agus tacaíochtaí airgeadais a thacóidh le bainistíocht feabhsaithe airgeadais i soláthar seirbhísí oideachais, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn i mbearta oideachasúla atá páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach, agus atá mar chuid den Phlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006.

Cunasacht agus Rialachas Airgeadais Feabhsaithe

Tá an obair ag dul ar aghaidh chun an tionscadal um Chreat Faisnéis Bhainistíochra (M.I.F.) a bhrostú chun próiseáil idirghníomhartha airgeadais na roinne a fheabhsú, cinnteoireacht maidir le leithdháileadh acmhainní a fheabhsú agus feabhas ginearálta a chur ar bhainistíocht airgeadais foriomlán na gcistí poiblí atá mar chúram ar an Roinn.

Feictear próiseáil níos éifeachtaí ar íocaíochtaí chomh maith le socruithe feabhsaithe do bhainisteoireacht agus tuairisciú airgeadais de bharr an Chóras Bainistíochta Airgeadais, príomhmhír den M.I.F. Tá an tseirbhís do chustaiméirí na Roinne níos fearr ó méadaíodh an úsáid a bhaintear as Aistriú Leictreonach Cistí. I gcaitheamh 2005, rinneadh dul chun cinn breise ar fheabhas a chur ar an gcaoi a chuirtear leithdháiltí airgeadais na Roinne i láthair san Imleabhar Meastacháin foilsithe trí chomhdhlúthú téamach breise a dhéanamh sna réimsí Tacaíocht do Mhic Léinn agus Caiteachas Caipitil, chun comhdhlúthú mar é a rinneadh sna blianta 2004 agus 2003 a chomhlánú.

Iniúchóireacht Inmheánach

Aonad neamhspleách a thuairiscíonn díreach leis an Ard-Rúnaí is ea Aonad Iniúchóireacht Inmheánach na Roinne. Tá cúram air maidir le héifeacht chórais rialú inmheánach na Roinne a bhreithmheas.

Cuireann an t-aonad a chuid oibre i gcrích de réir Chlár Iniúchóireachta Bliantúil. Clúdaíonn a chuid ghníomhaíochtaí gach rannóg den Roinn, chomh maith le scoileanna san earnáil Pobail agus Chuimsitheach, Ionaid Oideachais agus forais áirithe eile atá faoi choimirce na Roinne. Tá cúram air chomh maith as iniúchóireachtaí a dhéanamh ar chláir a fhaigheann maoiniú AE, mar a aontaíodh le Coimisiún na hEorpa.

Sa bhliain 2005, d'eisigh an t-aonad Iniúchóireacht Inmheánach 8 dtuarascáil iniúchóireachta deiridh. Thug an t-aonad faoi obair ghéilliúlachta agus obair leantach maidir le cur chun feidhme na moltaí sna tuarascálacha iniúchóireachta a eisíodh.

Athbhreithnítear agus déantar monatóireacht ar obair an aonaid ag Coiste Iniúchóireachta na Roinne. An príomhfheidhm atá aige ná comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an gcóras rialú inmheánach, an timpeallacht bainistiú riosca agus aon cheisteanna iniúchóireachta eile a bheadh tábhachtach ó thaobh na Roinne de.

An Plean Náisiúnta Forbartha (PNF)/Cistí Struchtúracha

Cuimsítear soláthar de €7.7 billiún don earnáil oideachais sa Phlean Náisiúnta Forbartha. Áirítear air seo €401m ó Chiste Struchtúrach na hEorpa agus €55m ó Chiste Fhorbairt Réigiúnach na hEorpa.

Seo mar a dhein an tAonad Cistí Struchtúracha/Clár Forbartha Náisiúnta:

- Thacaigh le soláthar seirbhísí oideachais trí a chinntiú go bhfuarthas an t-uasmhéid d'íostarraingt cúnaimh ó Chistí Struchtúracha na hEorpa. Lóisteáladh éilimh ar íostarraingt chúnamh airgeadais ó Chistí Struchtúracha na hEorpa agus Ciste Fhorbairt Réigiúnach na hEorpa faoin spriocamanna ábhartha an AE sa bhliain 2005. Rinne cuairteanna ar an láthair de réir Rialacháin an AE chun fírinne na dtuairisceán a bhí faighte a fhíorú;
- Rinneadh monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn beart oideachasúil sa CNF le béim ar leith ar na bearta a fuair cúnamh ó Chistí Struchtúracha na hEorpa. Cuireadh tuairiscí cuimsitheacha airgeadais agus dul chun cinn ar fáil maidir le gach beart CNF do Chruinnithe leathbhliana an Choiste Monatóireachta in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2005.
- Cuireadh géilliúlacht do riachtanais an CNF/AE chun cinn. Chiallaigh sé sin scaipeadh eolais/treoirlínte, seimineáir eolais agus éascú iniúchtaí/cuairteanna rialaithe.

Cuspóir 5.6:
Cothóimid dea-chaidreamh tionsclaíoch ar fud an earnáil oideachais agus misneoimid agus tacóimid le nuachóiriú na hearnála trí phróiseas comhpháirtíochta.

Déantar soláthar sa chomhaontú Comhpháirtíocht Shóisialta *An Dul Chun Cinn a Choimeád* le haghaidh cothabháil caidreamh tionsclaíoch cobhsaí agus do chomhoibriú le solúbthacht agus d'athrú agus nuachóiriú leanúnach. I measc na nithe a bhí ar an gclár oibre nuachóiriúcháin aontaithe don earnáil oideachais bhí:

- Scoilbhliain caighdeánach
- Cruinnithe foirne agus cruinnithe le tuismitheoirí a bheith ag amanna a bheidh níos oiriúnaí do thuismitheoirí
- Athrú curaclaim agus reachtúil sna scoileanna
- Tabhairt isteach Chórais um Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta do gach comhalta foirne in Institiúidí Teicneolaíochta agus i gCoistí Gairmoideachais.
- Seachadadh cúrsaí bealach modúlú agus seimeastarú in institiúidí tríú leibhéil
- Feabhas a chur ar ghnáthaimh Dhearbhú Cáilíochta in Institiúidí Teicneolaíochta
- Leasú ar struchtúir rialachais agus bainistíochta in earnáil na n-ollscoileanna
- Líon níos mó post á líonadh as comórtais oscailte.

Tá na harduithe pá a ndéantar foráil dóibh in *An Dul Chun Cinn a Choimeád* ag brath ar fheabhsuithe infhíoraithe a dhéanamh ar fud na hearnála. Measúnaíonn Grúpa Fíorúcháin Feidhmíochta an Earnáil Oideachais na tuairiscí dul chun cinn a réitíodh mar thoradh ar phleananna nuachóiriúcháin. Ar bhonn na socruithe seo, ceadaíodh arduithe pá do na gráid ar fad san earnáil oideachais sa bhliain 2005.

Cuspóir 5.7:
Tacóimid le riarachán feabhsaithe agus le pleanáil ar aghaidh trí moltaí beartais agus reachtachta a fhorbairt agus trí staitisticí ábhartha oideachais a bhailiú agus a anailísiú.

REACHTAÍOCHT ACHTAITHE

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004

Achtaíodh an *tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004* i mí Iúil 2005. Leagann an tAcht amach cur chuige beartais foriomlán na Roinne i ndáil le soláthar seirbhísí oideachais do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu de dheasca míchumais. Déanann sé soláthar chomh maith do sheirbhísí mar iad ar bhonn riachtanas measúnaithe agus, chomh fada agus is cuí, i suíomh uilechuimsitheach. Forálann an tAcht le haghaidh bainteacht tuismitheoirí/caomhnóirí, infhaighteacht próiseas achomharc, comhordú idir seirbhísí sláinte agus oideachais, chomh maith le foráil don Chomhairle Náisiúinta um Oideachas Speisialta sa bhunreachtaíocht.

Cé go bhfuil tús curtha cheana féin le roinnt mhaith alt den acht, baineann na hailt atá fanta go príomha leis an bpróiseas measúnú reachtúil agus plean oideachais a ndéanann an tAcht foráil lena n-aghaidh. Ní féidir leo seo a theacht i bhfeidhm gan deis a bheith ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta tuarascáil feidhmiúcháin a chur i láthair na Roinne, rud a chaithfidh sí a dhéanamh roimh 1 Deireadh Fómhair 2006. Cuirfear an tAcht chun feidhme ina dhiaidh sin de réir a chéile laistigh de thréimhse cúig bliana.

Cuspóir 5.8:
Cuirfimid chun feidhme an chuid sin de chlár díláraithe an Rialtais a bhaineann le athshuí oifigí Bhaile Átha Cliath na Roinne sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain.

Faoi chlár díláraithe an Rialtais, aistreofar tuairim is 300 post in oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath go dtí an Muileann gCearr agus 100 post go Baile Átha Luain. Tugadh faoi chomhaltaí foirne idir inmheánach agus sheachtrach, a léirigh go raibh siad toilteanacha dílárú go dtí an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain, a shannadh sa bhliain 2005.

Chun cóiríocht a sholáthar i mBaile Átha Luain, leathnófar an campas atá an Roinn ann i láthair na huaire. I mí an Mheithimh 2005, d'fhógair Oifig na nOibreacha Poiblí go mbeifí ag glacadh le tairiscintí do dhearadh agus tógáil na cóiríochta nua.

Sa Mhuileann gCearr, cuirfear oifigí na Roinne ar fáil ar láithreán úrnua, a chaithfear a cheannach fós.

Cuspóir 5.9:
I gcomhthéacs luach níos fearr a fháil ar airgead, leasú bainistiú soláthair a chothú trí beartais, próisis agus cleachtais a fhorbairt a thacóidh le cur chuige níos straitéisí laistigh den Roinn agus sna forais a bhfuil cúram uirthi lena n-aghaidh.

Bunaíodh an tAonad Náisiúnta um Beartas Soláthair Poiblí sa Roinn Airgeadais mar thoradh ar chinneadh Rialtais in Aibreán 2002. Is é príomhchuspóir an Aonaid Náisiúnta um Beartas Soláthair Poiblí beartas agus cleachtas soláthar poiblí a fhorbairt trí phróiseas leasaithe ar bhainistíocht soláthar. Tá sé ar intinn ag an NPPPU teimpléad a cheapadh a úsáidfidh ranna Rialtais agus forais phoiblí chun Plean Soláthar Corparáideach bliantúil a sholáthar agus fostófar comhairligh chun cuidiú le forbairt an teimpléid.

Aguisín 1

Cairt Eagraíochta na Roinne sa bhliain 2005



Aguisín 2

Forais faoi Choimirce na Roinne

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (01) 6340831
22 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2

An Coimisiún um Chóiríocht Scoile (01) 8892347
Urlár 3, Teach 28, Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) (01) 8659500
Láithreán na Rinne Thiar,
Páirc Ghnó na Rinne Thiar,
Baile Átha Cliath 3

Gaisce (01) 4758746
Leithlanna an Stáit,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2

An tÚdarás um Ardoideachas (01) 6612748
3ú Urlár, Marine House,
Cúirt Chlann Liam,
Baile Átha Cliath 2

Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) (01) 6314567
26-27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2

Léargas - Biúró na Malartuithe (01) 8731411
189-193 Sráid Pharnell, Baile Átha Cliath 1

An tIonad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (01) 8690715
1ú Urlár, 42/43 Sráid na Prúise,
Baile Átha Cliath 7

An tIonad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (01) 7008200
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 9

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (01) 6617177
24 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) (046) 9486400
1-2 Sráid an Mhuilinn,
Baile Átha Troim, Co. na Mí

An Bord Leasa Oideachais (01) 8738600
16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7

An Oifig Náisiúnta um Chothroime Rochtaine ar Ardoideachas (01) 6612748
Urlár 1, Teach Brooklawn,
Plás Crampton, Bóthar Shelbourne,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (01) 8871500
5ú Urlár, Teach Jervis, Sráid Jervis,
Baile Átha Cliath 1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (090) 6442700
Cor na Madadh, Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

An Chomhairle Mhúinteoireachta (01) 6517900
Bloc A, Campas Gnó Mhá Nuad,
Má Nuad, Co. Chill Dara.

Aguisín 3

Eolaire Sonraí Teagmhála

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA NA ROINNE

Contae Bhaile Átha Cliath Theas (Baile Átha Cliath Theas & Dún Laoghaire Ráth an Dúin) (01) 4635500
Halla an Chontae, Cearnóg Belgard Thuaidh,
Ionad an Bhaile, Tamhlacht, BAC 24

Réigiún Chill Dara / Chill Mhantáin (045) 848500
Bloc A, Halla Maudlins, Bóthar Bhaile
Átha Cliath, Nás, Co. Chill Dara

Réigiún Lár na Tíre (Laoise, An Longfort, Uíbh Fhailí, An Iarmhí) (044) 37000
Bóthar Mhuileann na Manach,
Contae na hIarmhí

Réigiún an Iarthair Láir (An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh) (061) 430000
Bóthar Ros Uí Bhriain,
Punch's Cross, Luimneach

Réigiún an Oirthir Láir (An Cabhán, Lú, An Mhí, Muineachán) (046) 9067410
7 Sráid Trimgate, An Uaimh, Co. na Mí

Réigiún an Iarthair Láir (Dún na nGall, Liatroim, Sligeach) (071) 9135700
Bealach Kempton, Sráid an Droichid, Sligeach

Réigiún an Oirdheiscirt (051) 310000
(Ceatharlach, Cill Chainnigh,
Tiobraid Árainn Theas, Port Láirge, Loch Garman)
Páirc Ghnó Bhaile Sheáin, Port Láirge

Réigiún an Deiscirt (Corcaigh, Ciarraí) (021) 4536300
Páirc Ghnó na hOidhreacha,
Bóthar Bessboro, Mahon, Corcaigh

Réigiún an Iarthair (Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin) (091) 864500
Plás Victoria, Gaillimh

Stiúrthóireacht na nOifigí Réigiúnacha (01) 8896726
Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

AN TSEIRBHÍS NÁISIÚNTA SÍCEOLAÍOCHT OIDEACHAIS (NEPS)

CEANNOIFIG
24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh
Baile Átha Cliath 1 (01) 8892700

RÉIGIÚN AN OIRTHIR
Oifig Réigiúnach Chluain Dolcáin (01) 4614824
50 Bóthar an Túir, Cluain Dolcáin, BÁC 22

Oifig Áitiúil Nás (045) 848504
Halla Maudlins, Bóthar Bhaile Átha Cliath,
An Nás, Co. Chill Dara

Oifig Réigiúnach na Carraige Duibhe (01) 2833028
3ú Urlár, Teach Trident,
An Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath

RÉIGIÚN LÁR NA TÍRE
Oifig Réigiúnach an Mhuileann gCearr (044) 9337004
Bóthar Mhuileann na Manach,
An Muileann gCearr, Contae na hIarmhí

RÉIGIÚN AN IARTHUAISCIRT
Oifig Réigiúnach Shligigh (071) 9141322
Ionad Threo an Iarthair,
Sráid an Droichid, Sligeach

RÉIGIÚN AN OIRTHUAISCIRT
Oifig Réigiúnach na hUaimhe (046) 9093310
43 Canon Row, An Uaimh, Co. na Mí

Oifig Áitiúil Dhroichead Átha (041) 9876940
Eastát Tionsclaíoch Bhóthar Donore,
Droichead Átha, Co. Lú

RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT
Oifig Réigiúnach Phort Láirge (051) 850358
108 An Ché, Port Láirge

Oifig Áitiúil Chluain Meala (052) 25833
f/ch An Ghairmscoil, Bóthar Raheen,
Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann

RÉIGIÚN AN DEISCIRT
Oifig Réigiúnach Chorcaí (021) 4536358
Bloc C, Páirc Ghnó na hOidhreachta,
Machain, Corcaigh

Oifig Áitiúil Thrá Lí (066) 7180671
Cluain an Iúir, Páirc Dara, Trá Lí,
Co. Chiarraí

RÉIGIÚN AN IARTHAIR
Oifig Réigiúnach na Gaillimhe (091) 864518
Plás Victoria, Cearnóg Eyre, Gaillimh

Oifig Áitiúil Chaisleán an Bharraigh (094) 9028310
Sráid Thomáis, Caisleán an Bharraigh,
Co. Mhaigh Eo

OIFIGÍ NA CIGIREACHTA

Foirgnimh Irish Life
1a An Malla Theas, Corcaigh (021) 4906011

Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1 (01) 8896553

Urlár 3, Teach Rossa
Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh (091) 568922

Bóthar Ros Uí Bhriain
Punch's Cross, Luimneach (061) 430004

Kempton Promenade
Sráid an Droichid, Sligeach (071) 9143218

Aguisín 4

Reachtaíocht Tánaisteach

Ordú Acht an Choimisiún um Fhiosrú Mhí-úsáid Leanaí 2000 (Tréimhse Sainordaithe) 2005 (IR Uimh. 779 de 2005)

Ba é cuspóir na hionstraime reachtúla seo ná síneadh a chur le saol an Choimisiún um Fhiosrú Mhí-úsáid Leanaí go 8 mbliana ó lá bunaithe an Choimisiúin chun a chinntiú go mbeidh dóthain ama aige a chuid oibre a thabhairt chun críche agus a thuarascáil deiridh a fhoilsiú. Mar a éilítear faoi Acht 2000, ceadaíodh dréacht den Ordú ag Dhá Theach an Oireachtais agus rinneadh é ag an Rialtas an 20 Bealtaine 2005.

Ordú an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Tús Feidhme) 2005 (IR. Uimh. 507 de 2005)

An 14 Iúil 2005 shínigh an tAire ordú chun lá a cheapadh mar an lá ar a dtiocfadh ailt 1, 2, 14(1)(a), 14(1)(c), 14(2) go 14(4), 19 go 37, 40 go 44, and 50 go 53 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 i bhfeidhm. Bhain na forálacha a tháinig i bhfeidhm le hoibleagáidí áirithe a leagan ar scoileanna, eagraíocht agus struchtúr na Comhairle féin agus roinnt ceisteanna teicniúla.

Ordú an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Lá Bunaithe) 2005 (IR. Uimh. 508 de 2005)

An 14 Iúil 2005 síníodh Ordú a cheap 1 Deireadh Fómhair 2005 mar an lá ar a mbunófaí An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta de réir alt 19 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu. Roimh an dáta seo bhí an Chomhairle bunaithe agus ag feidhmiú faoi Ordú a rinneadh de bhun fhorálacha alt 54 den Acht Oideachais 1998.

Ordú an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Lá Bunaithe)(Alt 36) 2005 (IR. Uimh. 509 de 2005)

An 14 Iúil 2005 chomh maith rinneadh Ordú a cheap 3 Aibreán 2006 mar an lá bunaithe don Bhord Achomharc um Oideachas Speisialta. Tiocfaidh an Bord i bhfeidhm ar bhunú roinnt d'fhorálacha an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu 2004 atá i láthair na huaire mar ábhair le tuarascáil feidhmiúcháin atá á dhréachtadh ag an NCSE.

Ordú an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Tús Feidhme)(Uimh.2) 2005 (IR. Uimh. 636 de 2005)

An 20 Meán Fómhair 2005, rinne an tAire an tOrdú seo faoi alt 53(2) den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004. Cheap sé 1 Deireadh Fómhair 2005 mar an lá ar a dtiocfadh ailt 45 go 49 den Acht i bhfeidhm. Is í éifeacht na bhforálacha seo ná An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a dhíscaoileadh faoi fhorálacha alt 54 den Acht Oideachais 1998 agus cúraimí a aistriú go dtí an Chomhairle mar a bunaíodh í faoi fhorálacha alt 19 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu.

Rialacháin an Acht Oideachais (Leas) 2000 (Alt 28) (Comhlachtaí Réamhordaithe) 2005 (IR Uimh. 639 de 2005)

An 6 Deireadh Fómhair 2005, rinne an tAire rialacháin i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bronnadh uirthi faoi alt 28 den Acht Oideachais (Leas) 2000. Ba é cuspóir na rialachán ná a cheadú do ghairmigh a bheidh ag glacadh cinntí a fhearfaidh ar leas oideachasúil páiste eolas ábhartha mar gheall ar an bpáiste sin a roinnt.

Reachtaíocht Tánaisteach

Ar an reachtaíocht thánaisteach a fógraíodh sa bhliain 2005 bhí:

- Rialacháin um Chomhdhéanamh Coistí Gairmoideachais 2004
- Tarmligean Feidhmeanna Aireachta
- Tús feidhme le roinnt reachtaí.

Aguisín 5

Staitisticí Oideachais

Le 25 bliain anuas (1980-2005) tá líon na ndaltaí ag an mbunleibhéal laghdaithe de 17%, rud a léiríonn an t-athrú ar dheimeagraíocht in Éirinn. Ach tá líon na ndaltaí ag dul i méid ó 2001 i leith ar aon dul leis an méadú i líon na mbreitheanna agus san imirce isteach sa tír ó lár na 1990idí i leith. Mhéadaigh líon na ndaltaí dara leibhéil de 12%, rud a léiríonn an ráta méadaithe rannpháirtíochta in oideachas iar-éigeantach. Ag an tríú leibhéal mhéadaigh líon na mac léinn lánaimseartha faoi bhreis is a trí ó 41,000 go 136,000 nach mór sa tréimhse seo.

Bunaithe ar na sonraí breithe is déanaí, dealraíonn sé go leanfar den mhéadú i rollachán ag an mbunleibhéal agus féadfaidh sé leibhéal 1980 a shroicheadh faoin mbliain 2014. Ag an dara leibhéal, mhéadaigh an rollachán suas go dtí 1996/97 agus tá sé ag titim ó shin. Meastar go leanfaidh an titim seo go 2007/08 nuair ba chóir go dtiocfadh méadú ar an rollachán, ar aon dul leis an méadú i rollachán bunscoile.

	1980	1990	2000	2005
1ú leibhéal	551,319	543,744	439,560	458,114
2ú leibhéal	297,747	343,045	345,384	332,407
3ú leibhéal	40,613	68,165	119,991	135,891*

I mBealtaine 2003, shocraigh Comhairle na hEorpa 5 cinn de thagarmharcanna i réimsí eiseamláireacha den bheartas oideachais. Is iad na spriocanna le haghaidh 2010:

- Ba cheart go mbeadh 85% de lucht aois a 22 san AE tar éis oideachas méan-uachtarach a chríochnú.
- Ba cheart go mbeadh laghdú 20% ar a laghad tagtha ar chéatadán na ndaoine ag aois a 15 a bhfuil gnóthachtáil íseal acu i litearthacht léitheoireachta sa AE, i gcomparáid leis an mbliain 2000.
- Ba cheart go dtiocfadh méadú de 15% ar a laghad ar líon iomlán na gcéimithe sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht san AE, agus ba cheart go laghdófaí an éagothromaíocht ó thaobh inscne ag an am céanna.
- Ba cheart go mbeadh an meánleibhéal rannpháirtíochta i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil ionann agus 12.5% de dhaonra na ndaoine fásta atá in aois oibre (aoisghrúpa 25-64).
- Ba cheart go mbeadh meánráta AE lucht luathfhágála na scoile ag 10% nó faoina bhun.

Céatadán den daonra idir aoiseanna 20-24 a bhfuil oideachas meán-uachtarach ar a laghad críochnaithe acu (2005)

Tá an tábhacht a ghabhann le hoideachas meán-uachtarach a chríochnú (Ardteistiméireacht nó a cóibhéis) ag dul i méid an t-am ar fad, ní amháin chun dul isteach go rathúil sa mhargadh saothair, ach chun teacht a thabhairt do mhic léinn ar dheiseanna foghlama agus oiliúna san ardoideachas. Is é leibhéal 2005 don AE ná 76.9% agus d'Éire 86.1%, díreach os cíonn Tagarmharc an AE don bhliain 2010.

Céatadán na ndaltaí a bhfuil máistreacht acu ar litearthacht léitheoireachta

Bíonn tacar lárnach inniúlachtaí agus scileanna de dhíth ar an uile dhuine le haghaidh fostaíochta, cuimsiú sóisialta, foghlaim ar feadh an tsaoil agus comhlíonadh pearsanta. Taispeánann na sonraí is déanaí, ó 2003, go raibh 19.8% de dhaltaí ag aois a 15 i dtíortha an AE a ghlac páirt i suirbhé ECFE PISA ag gnóthú go híseal i litearthacht léitheoireachta. Bhí Éire ar an dara tír ab fhearr ó thaobh litearthacht léitheoireachta de: níor aicmíodh ach 11% de dhaoine ag aois a 15 mar ísealghnóthachtóirí.



* Figiúr Sealadach

Líon na gCéimithe Treasacha sa Mhatamaitic, san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (2004)

Ní féidir le geilleagar eolasbhunaithe feidhmiú gan leorsoláthar eolaithe. Ba é 12.7 meánuimhir na gcéimithe treasacha sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht in aghaidh gach 1000 den daonra ag aois a 20-29 san Aontas Eorpach. Bhí Éire ar an tír ab fhearr le 23.1 céimí in aghaidh gach 1000 de dhaonra san aoisghrúpa seo.



Source: Eurostat

Céatadán an daonra idir 25-64 atá rannpháirteach in oideachas agus oiliúint

I sochaí eolais, ní mór do dhaoine a bheith ag tabhairt a gcuid eolais, inniúlachtaí iagus scileanna suas chun dáta agus á gcomhlánú an t-am ar fad chun críocha forbairt phearsanta agus ghairmiúil. Thaispeáin an suirbhé ar an Lucht Saothair sa bhliain 2005 gurb é 11.0% an meánchéatadán den daonra san AE d'aois 25-64 a bhí rannpháirteach in oideachas agus oiliúint. Is é 8% an céatadán in Éirinn. Tá an dá fhigiúr faoi bhun tagarmharc an AE de 12.5% don bhliain 2010.



Céatadán an daonra idir 18-24 a bhfuil oideachas meáníochtartach acu ar a mhéad agus nach bhfuil ag dul faoi oideachas nó oiliúint (2005)

Tá sé riachtanach daoine óga a mhisniú chun a bheith rannpháirteach in oideachas iar-éigeantach chun gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa saol sóisialta agus sa mhargadh saothair, ó tá daoine a fhágann an scoil gan cháilíochtaí i mbaol titim taobh thiar i sochaí an lae inniu atá ag éirí níos iomaíche an t-am ar fad.

Tá an meánráta luathfhágála na scoile san AE fós ard ach tá sé ag titim go réidh. Sa bhliain 2005, ba é meán an AE ná 15.2%, agus ba é 12.3% an figiúr d'Éirinn. Ach tá an dá fhigiúr fós os cionn Thagarmharc an AE de 10% don bhliain 2010.



An Roinn Oideachais agus Eolaíochta: *Tuarascáil Bhliantúil 2005*

Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
Guthán: (01) 889 6400
Láithreán Gréasáin: *www.education.ie*
Ríomhphost: info@education.gov.ie